

# Fadtéarma Plean Bainistíochta do Mhórlochanna an Iarthair

**Márta 2023**

IFI/2023/1-4675



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

# Clár Ábhar

---

Achoimre Feidhmiúcháin .....	4
<b>1.0. Réamhrá</b> .....	<b>7</b>
<b>2.0. Lochanna Móra an Iarthair</b> .....	<b>11</b>
<b>2.1. Loch Arbhach</b> .....	<b>11</b>
<b>2.2. Loch Con</b> .....	<b>12</b>
<b>2.3. Loch Cuilinn</b> .....	<b>13</b>
<b>2.4. Loch Ceara</b> .....	<b>14</b>
<b>2.5. Loch Measca</b> .....	<b>15</b>
<b>2.6. Loch Coirib</b> .....	<b>16</b>
<b>2.8. Dobharcheantair Íogaire Eile</b> .....	<b>19</b>
<b>3.0. Éisc</b> .....	<b>19</b>
<b>3.1. Rialacháin maidir le hlascaigh</b> .....	<b>20</b>
<b>4.0. Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara</b> .....	<b>31</b>
<b>4.1. Uisce agus Pobail</b> .....	<b>31</b>
<b>4.2. Creat-treoir Uisce</b> .....	<b>31</b>
<b>4.3. Bainistiú Dobharcheantar</b> .....	<b>32</b>
<b>4.4. Comhar Idirghníomhaireachta</b> .....	<b>33</b>
<b>5.0. Bainistiú Iascach agus Athrú Aeráide</b> .....	<b>34</b>
<b>5.1. Taighde Reatha</b> .....	<b>34</b>
<b>5.2. Líonra faireacháin IIÉ um an athrú aeráide</b> .....	<b>34</b>
<b>5.3. Samhaltú Líonra spásúil</b> .....	<b>34</b>
<b>5.4. Athléimneacht a Thógáil</b> .....	<b>35</b>
<b>5.5. Bainistiú Criosanna Inse</b> .....	<b>35</b>
<b>5.6. Coillearnacha Dúchasacha agus Cosaint Sruthchúrsaí</b> .....	<b>36</b>
<b>6.0. Cáilíocht an Uisce</b> .....	<b>37</b>
<b>6.1. Brúnna Reatha</b> .....	<b>37</b>
<b>6.2. Forfheidhmiú Timpeallachta</b> .....	<b>38</b>
<b>6.3. Cur Chuige Ilghníomhaireachta</b> .....	<b>38</b>
<b>6.4. Oifigigh Forfheidhmithe</b> .....	<b>38</b>



6.5. Rialacháin maidir le Gnáthóga.....	38
7.0. Speicis Ionracha.....	40
7.1. Iarmhairtí.....	40
7.2. Éisc.....	40
7.3. Plandaí Uisceacha Ionracha.....	40
7.4. Bithshlándaíl.....	42
7.5. Bearta.....	42
8.0. Bainistiú Stoic.....	43
8.1. Rialú Speiceas.....	43
8.2. Modheolaíochtaí Bainistíochta.....	43
8.3. Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPanna) agus Beartais.....	44
8.4. Róiste & Péirse.....	44
8.5. Liús.....	45
8.6. Bran.....	46
8.7. Bradán Bándearg.....	47
8.8 Pollán locha.....	47
9.0. Bainistiú Gnáthóg.....	48
9.1. Suirbhéanna ar Dhobharcheantair.....	48
9.2. Bunachar Sonraí Gnáthóg.....	48
9.3. Cainéil Draenáilte go hArtaireach.....	48
9.4. Gnáthóg Damáiste a Athchóiriú.....	48
9.5. Bacainní.....	49
10. Taighde, Faisnéis Reatha agus Bearnaí san Eolas.....	51
10.1. Suirbhéanna ar Stoc Éisc (lochanna agus aibhneacha).....	51
10.2. Samhaltú Daonra.....	51
11. Amlínte.....	53
12. Tagairtí.....	57



## Achoimre Feidhmiúcháin

Ar bhonn stairiúil, rinneadh bainistíocht fhabhrach ar roinnt lochanna móra aolchloiche in iarthar na hÉireann - Lochanna Coirib, Measca, Ceara, Con, Cuilinn, Arbhach agus Síleann - mar iascaigh don bhreac donn fiáin. I gcomhréir leis an treoir bheartais is déanaí ó Iascaigh Intíre Éireann (IIÉ) agus lena shainchúraim reachtúil maidir le bainistiú acmhainní iascaigh intíre na hÉireann, déantar seacht loch, go príomha in iarthar na hÉireann, a bhainistiú mar uiscí salmainidí. Is í an bhéim a bheidh sna cláir bhainistíochta atá beartaithe do na héiceachórais sin a dtréithe nádúrtha agus a mbithéagsúlacht dhúchasach a chosaint, a chaomhnú agus, i gcás inar féidir, a fheabhsú, rud a chuirfidh barrfheabhsú ar a sheal féin ar a n-acmhainneacht mar iascaigh inbhuanaithe don bhreac donn fiáin agus, i

gcásanna áirithe, do bhradán an Atlantaigh. Síneann sainchúram caomhnaithe IIÉ freisin chuig speicis éisc eile atá i mbaol amhail an tEascann (Rialachán CE (Rialachán 1100/2007 ón gComhairle) chun an stoc eascann a théarnamh). Is ábhar imní freisin é an Ruabhreac Artach (a d'fhaightí tráth sa chuid is mó de na 7 loch ach nach bhfaightear anois ach i Loch Measca), tá Breac Fíochmhar, Loimpre Mhara, Abhann agus Shrutháin le sonrú sa phlean freisin. Le sraith gníomhaíochtaí spriocdhírthe, déanfaidh IIÉ comhordú ar chláir faoi 7 gcatagóir de Chuspóirí Ardleibhéil (CAL). Ailíníonn gach CAL le Plean Corparáideach an IIÉ (2021 go 2025) agus déantar achoimre orthu thíos leis an tsraith gníomhartha gaolmhara:

CAL 1. (Cuid 4)	Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara
<p><b>Gníomh 1.1:</b> Sceideal cumarsáide a chur ar bun, grúpaí dobharcheantair, cónaidhmeanna, Clubanna, iontaobhais agus comhlachais atá ann cheana a shainaithint agus dul i dteagmháil leo chun cuidiú le dul chun cinn na gcomhspriocanna bainistíochta dobharcheantair.</p> <p><b>Gníomh 1.2:</b> I gcás nach bhfuil a leithéid de ghrúpaí bunaithe go fóill, dul i dteagmháil le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara agus le húdaráis ábhartha maidir le cosaint, forbairt agus caomhnú a ndobharcheantar locha agus abhann trí níos mó Comhlachas Bainistíochta Dobharcheantair a bhunú le haghaidh Lochanna an Iarthair.</p> <p><b>Gníomh 1.3:</b> Feabhas a chur ar shásraí agus líonraí cumarsáide idir IIÉ, grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí feirmeoireachta, institiúidí acadúla, pobail áitiúla agus grúpaí dobharcheantair.</p>	

<b>CAL 2. (Cuid 5)</b>	<b>Gníomhú ar son na hAeráide &amp; Bithéagsúlacht</b>
<p><b>Gníomh 2.1:</b> Fachtóirí soláimhsithe a shainaithe a chuideoidh le hathléimneacht aeráide gnáthóg agus speiceas íogair.</p> <p><b>Gníomh 2.2:</b> An coillearnach atá ann cheana a choinneáil ar bun sna ceantair ina bhfuil sé le fáil, agus bunú criosanna suntasacha maolánacha uisceacha a chur chun cinn chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus chun teochtaí arda agus rith cothaitheach/dríodair chun srutha a fheabhsú.</p> <p><b>Gníomh 2.3:</b> Samhlacha líonra spásúil a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi phlandú straitéiseach coillearnach dúchasach chun iarmhairtí teochtaí ardaithe uisce agus minicíocht agus déine mhéadaithe triomach agus tuilte a mhaolú.</p>	
<b>CAL 3. (Cuid 6)</b>	<b>Cáilíocht an Uisce</b>
<p><b>Gníomh 3.1:</b> Cumhachtaí reachtúla reatha lascach Intíre Éireann a fheabhsú trí oifigigh a údarú chun forálacha ábhartha na Rialachán um Ghnáthóga a fhorfheidhmiú.</p> <p><b>Gníomh 3.2:</b> Feabhas a chur ar acmhainneacht IIÉ cionta um cháilíocht an uisce a bhrath agus a fhorfheidhmiú trí gach teicneolaíocht dá bhfuil ar fáil a úsáid agus méadú a chur ar líon na nOifigeach Comhshaoil lascaigh a oibríonn i ndobharcheantair lochanna an Iarthair.</p> <p><b>Gníomh 3.3:</b> Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag cur le caidrimh oibre le príomhúdaráis chomhshaoil i ndobharcheantair locha an Iarthair ionas go roinntear faisnéis go héifeachtach agus go mbainfear amach éifeachtúlachtaí méadaithe, maidir le forfheidhmiú comhshaoil.</p> <p><b>Gníomh 3.4:</b> Eolas agus cúnamh a sholáthar maidir le dobharcheantair íogaire cothaitheach a ainmniú agus limistéir le haghaidh gnímh.</p>	

<b>CAL 4. (Cuid 7)</b>	<b>Speicis Ionracha</b>
------------------------	-------------------------

Gníomh 4.1: Speicis ionracha ardriosca a bhaint agus/nó a bhainistiú trí chláir straitéiseacha um bainistiú stoic agus um bainistiú fiailí.

Gníomh 4.2: Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta chun an pobal a chur ar an eolas faoi speicis ionracha a d'fhéadfadh a bheith díobhálach i lochanna an iarthair agus sna dobharcheantair níos leithne.

Gníomh 4.3: Comhairle agus acmhainní bithshlándála a sholáthar do ghrúpaí geallsealbhóirí chun leathadh speiceas ionrach i lochanna an iarthair a chosc.

Gníomh 4.4: Grúpaí geallsealbhóirí ábhartha a spreagadh chun páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí caomhnaithe, lena n-áirítear bainistiú speiceas ionrach.

Gníomh 4.5: Feabhas a chur ar an reachtaíocht agus pionóis a mhéadú ar aistriú mídhleathach na n-iasc beo.

#### **CAL 5. (Cuid 8)      Bainistiú Stoic**

Gníomh 5.1: Pleananna bainistíochta stoic a tháirgeadh ar bhonn bliantúil, agus ar bhonn na gceantar abhantraigh áitiúil chun iarmhairtí ar shalmainidí ó phobail eile éisc a laghdú.

Gníomh 5.2: Pleananna bainistithe stoic a athrú de réir mar a dhéantar samhla daonra ar gach ceann de na lochanna a bheachtú.

Gníomh 5.3: Cur ar chumas do ghrúpaí áitiúla geallsealbhóirí rannchur le samhaltú pobail agus le cláir thaighde lena n-áirítear suirbhéanna cléibhe (trí eolaíocht saoránach).

Gníomh 5.4: Mairtís riosca a fhorbairt le haghaidh Bhradán agus Bhreac Atlantach bunaithe ar shaintréithe fisiceacha gach dobharlaigh agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo siúd don chreachóireacht agus do scrogaill mharthanais.

#### **CAL 6. (Cuid 9)      Athchóiriú Gnáthóg**

Gníomh 6.1: Aghaidh a thabhairt ar na heasnamh ghnáthóg salmainidí i ndobharcheantair lochanna an iarthair trí thionscadail athchóirithe spriocdhírthe.

Gníomh 6.2: Próisis riaracháin a chuíchóiriú chun tionscadail athchóirithe gnáthóg a chur i gcrích trí phróisis phleanála leis an éifeachtúlacht uasta.

Gníomh 6.3: A áirithiú go bhfuil gach próiseas cosanta comhshaoil ábhartha i bhfeidhm chun damáiste do speicis agus do ghnáthóga íogaire eile a sheachaint.

#### **CAL 7. (Cuid 10)      Taighde**

Gníomh 7.1: Leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar na cláir faireacháin stoic éisc atá ann cheana féin, agus le cinn nua a fhorbairt (e.g. WFD) chun na sonraí riachtanacha a sholáthar le haghaidh shamhlacha pobail éisc do lochanna an iarthair.

Gníomh 7.2: Gach foinse sonraí atá ar fáil a úsáid, lena n-áirítear suirbhéanna WFD, bainistíocht stoic, agus i gcás inarb iomchuí, tuairisceáin slatiascaireachta le cur isteach ar shamhlacha pobail éisc do lochanna an iarthair.

Gníomh 7.3: Leanúint ar aghaidh le taighde um thionchar an athraithe aeráide faoi chlár thaighde reatha (CCMRP) chun cuidiú le hathléimneacht a fheabhsú i ndobharcheantair agus i speicis.

Gníomh 7.4: Clár Taighde IIE um Breac Donn a fhorbairt le moltaí maidir le haghaidh chaomhnú gach fospeiceas den bhreac donn fiáin amach anseo.

Tá sraith brúnna ag gach ceann de na seacht loch atá ag cur isteach ar a gcobhsaíocht éiceachórais agus ar stoic dhúchasacha na n-iasc, lena n-áirítear laghdú ar cháilíocht an uisce, caillteanas gnáthóige iascaigh, speicis ionracha agus iarmhairtí an athraithe aeráide. Rachfar i ngleic leis na saincheistanna seo trí na bearta éagsúla atá molta sa phlean seo.

Mar sin féin, tá go leor dobharcheantar locha níos lú ann, go háirithe feadh imeallbhord an iarthair, ina bhfaightear soghabháltacht chomhchosúil do na fadhbanna thuasluaite. I gcásanna áirithe, is cosúil go bhfuil tionchar suntasach is é is cuspóir foriomlán don phlean seo feabhas a chur ar dhálaí comhshaoil ar Lochanna Mór an Iarthair chun tacú le hiascaigh salmainidí inbhuanaithe chomh maith le caomhnú a mbitheagsúlachta

breise ag dobharshaothrú bradán. Tá tacú sna lochanna beaga sin do stoic leochaileacha Bradán Atlantach, Breac Donn agus dá gcineál imirceach, Breac Geal, chomh maith le speicis eile atá i mbaol amhail Ruabhreac Artach, Loimpre agus Eascanna.

Tá gá ar leith le pleananna a fhorbairt do na dobharcheantair níos lú sin ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar chaomhnú stoc tábhachtach iasc dúchasach trí mheán sásraí amhail pleananna gníomhaíochta speiceas ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.

dúchais. Tabharfar cosaint, ar a sheal féin, leis seo sé seo dá luach dúchasach taitneamhachta ar mhaithe le pobail agus leis an turasóireacht.

## 1.0. Réamhrá

---

Tá sainchúram reachtúil ar Iascach Intíre Éireann (IIÉ) faoin Acht um Iascach Intíre 2010 - chun acmhainní iascaigh intíre na hÉireann a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú. Cuid dhílis den acmhainn seo is ea na gnáthóga agus na huiscí ina bhfuil speicis éisc is díol spéise caomhnaithe (féach tábla 3.2). Ullmhaíodh an plean seo le haghaidh grúpa dobharlach agus a ndobharcheantar chun caomhnú agus athchóiriú a sláine éiceolaíochta a chur chun cinn agus, na stoic iasc dhúchasacha dá réir. Déantar seacht loch agus a ndobharcheantair, go príomha i gConnachta, a bhainistiú mar uiscí salmainidí in Éirinn (Féach cuid 2). Tá na dobharlaigh seo mór i gcomparáid le cinn eile in Éirinn (1,266 - 16,562 Ha.) agus tá siad bunaithe go ginearálta ar aolchloch charbónmhar. Mar thoradh ar a mbataiméadracht, a gceimic uisce agus a gcluichreáin uathúla flóra agus fána, tá éiceachórais neamhchoitianta a bhfuil ardluach orthu a chuireann raidhse seirbhísí ar fáil don tsochaí agus don timpeallacht nádúrtha. Tá na lochanna anois ina gcuid lárnach den ghréasán Natura 2000 Eorpach agus ina lárionaid ollmhóra le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa agus cultúrtha, go háirithe slatiascaireacht.

Leagtar amach sa phlean seo sraith beart a bhfuil sé d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar go leor de na tosca a mbíonn tionchar acu faoi láthair ar fholláine éiceachóras agus ar stádas na stoc iasc dúchasach ar na lochanna ainmnithe agus ar a ndobharcheantair, agus na tosca sin a bhainistiú.

Tá na nithe seo a leanas measc na bpríomhchuspóirí:

- Inbhuanaitheacht iasc salmainide a áirithiú laistigh de na dobharlaigh ainmnithe agus bearta a thabhairt isteach chun na brúnna a imríonn tionchar ar a sláine éiceolaíochta faoi láthair a mhaolú.
- Chun tréithe nádúrtha agus bithéagsúlacht na ndobharlach ainmnithe a chosaint, a bhainistiú agus, i gcás ina ndearnadh damáiste dóibh, iad a athchóiriú.
- An ghnáthóg dhamáistithe a athchóiriú mar aon leis an acmhainneacht atá inti tacú le hiascaigh inbhuanaithe breac donn agus bradán.

Cé go mbaineann an plean seo go príomha le caomhnú agus bainistiú iasc salmainide, ní mór an tábhacht a bhaineann lena gcomhspleáchas agus lena gcaidreamh le flóra agus fána dúchasach eile a aithint freisin. Tá na seacht loch agus codanna suntasacha dá ndobharcheantair sainithe mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS - Caomhnú) nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS - Cosaint) faoin Reachtaíocht Eorpach (Na Comhphobail Eorpacha (Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011)). Tá cosaint speiceas agus gnáthóg eile is díol spéise don phobal, atá tábhachtach freisin do shláinte agus d'fholláine na n-éiceachóras uisceach tábhachtach seo, ina cuid rithábhachtach den phlean freisin (NPWS 2017).



Déanfar Measúnuithe Cuí ar gach tionscadal agus gníomh bainistíochta ar lochanna an iarthair. Tá na measúnuithe seo riachtanach lena áirithiú nach mbeidh drochthionchar ag aon bhearta bainistíochta iascaigh a mholtar tríd an bplean seo ar speicis agus gnáthóga íogaire, ar leasanna cáilitheacha iad do na láithreáin Natura.

Teastóidh cur chuige ildisciplíneach, ilghníomhaireachta leis an gcur i bhfeidhm agus féachfar le dul i ngleic le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile laistigh de na dobharcheantair.

Tacaíonn an phlean freisin le coincheap na bainistíochta oiriúnaithí, trína ndéantar measúnú tréimhsiúil ar ghníomhartha agus ar bhearta maidir lena mbuntáistí agus lena dtionchar ar ghabhdóirí criticiúla, (e.g. stoic salmainidí, cáilíocht an uisce, gnáthóga uisceacha) laistigh de dhobharcheantair lochanna an iarthair. Déanfar éifeachtaí na straitéisí bainistíochta éagsúla a mheas go rialta agus a mhodhnú dá réir, chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

Leagtar amach i gCuid 11 den phlean seo amlínte do ghníomhaíochtaí thar thréimhse tosaigh 5 bliana atá ag teacht le Plean Corparáideach IIÉ 2021 – 2025. Tá na hacmhainní is gá chun an phlean a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear breac-chuntas ar an maoiniú, á n-ullmhú i láthair na huaire, agus beidh siad i dteannta leis an dréacht deiridh den phlean seo.

Aithnítear go forleathan go bhfuil laghdú tagtha ar stoic éisc dhúchasacha, ar cháilíocht an uisce agus ar ghnáthóg ar lochanna an iarthair le tríocha bliain anuas. Moltar sa phlean seo sraith gníomhaíochtaí atá dírithe ar na laghduithe seo a cheartú agus, i gcomhar le húdaráis ábhartha eile stáit agus le pobail áitiúla, déanfaidh IIÉ iarracht feabhsuithe a bhaint amach a chinnteoidh stoic dhúchasacha éisc agus a ngnáthóga amach anseo.

Chun na cuspóirí a bhaint amach go rathúil agus na bearta atá leagtha amach sa phlean seo a chur i bhfeidhm, beidh gá le hacmhainní breise. A luaithe a bheidh siad sin sannta dó, déanfar sraith spriocanna sonracha agus táscairí feidhmíochta a fhorbairt lena áirithiú go ngnóthófar codanna criticiúla laistigh den phlean.



Fíor 1.1 Suíomhanna 7 Loch an Iarthair

## 2.0. Lochanna Móra an Iarthair

---

Baintear na tuairiscí achoimre seo a leanas as tuarascálacha samplála éisc na Treorach Réime maidir le hUisce (WFD) de chuid IIÉ. (Féach <http://wfdfish.ie>)

### 2.1. Loch Arbhach

Is loch aolchloiche é Loch Arbhach atá suite i gCo. Shligigh, timpeall 24km soir ó dheas ó bhaile Shligigh agus 6.4km siar ó thuaidh ó Mhainistir na Búille, Co. Ros Comáin. Tá foscadh ann ar thrí thaobh ó chnoic agus is foinse na hUinsinne é. Is é Loch Arbhach an ceann is lú de dhobharcheantair locha an Iarthair a chothaítear go príomha ag fuaráin ar ghrinneall an locha agus mar sin tá sé difriúil go hidreolaíoch ó fhormhór lochanna na hÉireann (Comhairle Contae Ros Comáin, 2009).

Tá achar dromchla de 1266 heicteár ag Loch Arbhach, agus meándoimhneacht 9m agus uasdoimhneacht 33m ann. Déantar é a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 12 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce), i.e. domhain (>4m), níos mó ná 50 heicteár agus ard-alcaileacht (>100mg/l CaCO<sub>3</sub>). Tá tábhacht mhór leis don chaomhantas mar go gcomhallann sé cineál (loch uisce chrua) atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga. Tá cladaí an locha duirlingeach den chuid is mó, cé go bhfuil an bogshifín (*Scirpus lacustris*) agus an ghiolcach (*Phragmites australis*) le fáil go flúirseach i roinnt bána ann (NPWS, 1999).

Bhí stoc breac donn sa loch tráth a tógadh i ngorlann ach cuireadh deireadh leis an gcleachtas seo (timpeall na bliana 2005) agus ní cosúil go bhfuil aon iarsma géiniteach sna stoic reatha. Tréigeadh den chuid is mó de mhéadú saorga na stoc i lochanna an Iarthair go déanach sna 1990í agus cuireadh cláir feabhsaithe iascaigh ina áit. I ndobharcheantar Loch Arbhach, athchóiríodh limistéir sceathraí agus iasclainne don bhreac donn thar an tréimhse 1998 go 2000 lenar bhain athchruthú linnte agus patrúin nádúrtha lúbáin, fálú sruthanna ó bheostoc agus cuireadh gairbhéal breise sceathraí i sruthanna nuair ba chúig (O'Grady, 2004). Bhí breac donn aosaigh 0.45kg ar an meán, agus éisc suas le 2.7kg, glactha ag slatiascairí san am atá thart.

Suas go dtí 1994, níor taifeadadh ach péirse, liús agus breac donn i suirbhéanna stoic, cé gur taifeadadh biorach lodáin i goilí liús freisin. Thángthas ar an ruán don chéad uair in 2002 agus gabhadh arís é i suirbhé 2007. Tá suirbhéireacht déanta ag IIÉ ar an loch gach trí bliana

le haghaidh an chláir faireacháin éisc WFD ó 2009 i leith (Kelly et al., 2010, 2013, 2016 agus Connor et al., 2019). Le linn shuirbhé 2018, fuarthas amach gurbh í an péirse an speiceas ceannasach a bhí le fáil sa loch. I rith an tsuirbhé freisin, gabhadh breac donn, hibridí idir róiste agus ruán, hibridí idir róiste agus bran, ruán, liús agus eascanna (Connor et al., 2019).

Sannadh stádas éiceolaíoch Maith do Loch Arbhach in 2018 bunaithe ar na daonraí éisc a bhí ann. I mblianta roimhe sin tugadh stádas Maith don loch freisin ó thaobh na héiceolaíochta éisc de. Sannadh stádas éiceolaíoch iomlán Measartha ag EPA do Loch Arbhach.

## 2.2. Loch Con

Tá Loch Con suite i ndobharcheantar na Muaidhe i dtuaisceart Chontae Mhaigh Eo. Tá sé ceangailte lena chomharsa díreach ó dheas, Loch Cuilinn, trí chainéal cúng a théann faoi bhóthar réigiúnach ag sráidbhaile Phontúin. Ritheann an Daoil isteach i Loch Con agus amach ó Loch Cuilinn ag an taobh theas in aice le Béal Easa, sula dtéann sí isteach sa Mhuaidh, a scaoileann isteach san Atlantach ag Cuan Chill Ala. Tá achar dromchla 4,704 heicteár agus uasdoimhneacht 37.9m ag an loch. Déantar an loch a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 12 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce), i.e. domhain (meándoimhneacht >4m), níos mó ná 50 heicteár agus ard-alcaileacht (>100 mg/l CaCO<sub>3</sub>). Is cuid de Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS - Cosaint) é Loch Con (Cód an láithreáin: 004228) faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin. Tá sé mar chuid de LCS (Caomhnú) na Muaidhe freisin, áit a bhfuil Bradán an Atlantaigh ina leas cáilitheach.

Is díol spéise speisialta caomhnaithe é an LCS (Cosaint) do na speicis seo a leanas: Gé Bhánéadanach Ghraonlannach, Lacha Dhubh, Scótar, Faoileán Bán. Tugtar aird faoi leith i dTreoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin ar bhogaigh agus, óir is cuid den LCS (Cosaint) iad sin, is díol spéise speisialta caomhantais é an suíomh agus na héin uisce a bhaineann leis. Téann clú Loch Con mar iascach bhreac donn agus bhradán siar go dtí tús na slatiascaireachta in iarthar na hÉireann. Téann príomhbháire bradán an earraigh isteach i Loch Con ó dheireadh mhí an Mhárta agus leanann sé ar aghaidh go dtí mí Aibreáin. Tosaíonn báire an bhlátháin i mí na Bealtaine agus leanann sé ar aghaidh go dtí mí Iúil.

Rinne Iascach Intíre Éireann (IIÉ) suirbhé ar an loch ocht n-uaire idir 1978 agus 2001 (1978, 1984, 1990, 1994, 1998, 2001, 2005 agus 2013) mar chuid de chlár measúnaithe stoc éisc na mbreac donn. Gabhadh breac donn, ruán, róiste, péirse agus liús sna suirbhéanna. Le deireanas rinneadh suirbhé ar stoc éisc locha iomláin in 2016 (Kelly *et al.*, 2017) agus 2022 (in ullmhúcháin). Fuarthas amach go raibh róiste agus péirse ina dhiaidh sin ar na speicis ba cheannasáil le linn shuirbhé 2016 agus breac donn, eascann, liús, bradán agus cúramán ina ndiaidh sin (Kelly *et al.*, 2017).

Go stairiúil, bhí daonra de ruabhreac Artach sa loch; mar sin féin, tá siad imithe i léig le tamall fada anuas. Tar éis titim dealraitheach dhaonra na ruabhreac Artach, rinne an IIÉ suirbhé ar na limistéir sceathraí ina mbeadh an ruabhreac Artach, dá mbeadh sé ann, ag bailiú le chéile le haghaidh sceite. Rinneadh na suirbhéanna le linn shéasúir sceite na

ruabhreac Artach ó 1991 go 1994. Gabhadh trí ruabhreac Artach i sampláil 1991, iasc amháin in 1992 agus níor gabhadh aon iasc ina dhiaidh sin in 1993 nó in 1994. Níor aimsíodh aon ruabhreac nuair a scrúdaíodh goilí liúis ó éisc a gabhadh in áiteanna éagsúla ar Loch Con, le linn na 1990idí. Is eol anois go raibh an ruabhreac Artach imithe i léig i Loch Con faoi lár na 1990í.

Bunaithe ar na daonraí iasc a bhí ann, sannadh stádas éiceolaíoch Maith do Loch Con in 2016, an suirbhé is déanaí faoi WFD. Sa tréimhse tuairiscithe faireacháin faireachais ó 2013 go 2018, bhí stádas éiceolaíochta foriomlán Measartha sannta ag GCC do Loch Con freisin.

### 2.3. Loch Cuilinn

Is loch mór éadomhain é Loch Cuilinn atá suite siar ó Bhéal Easa, atá ceangailte le Loch Con ag góilín caol ag Pontún, Co. Mhaigh Eo. Scaoileann sceitheadh ón loch go díreach isteach sa Mhuaidh siar ó dheas ó Bhéal Easa (NPWS, 2004). Tá achar dromchla de 1019.3 heicteár ag Loch Cuilinn agus uasdoimhneacht thart ar 3m (O'Reilly, 2007). Eibhear is mó atá i ngeolaíocht bhunúsach an locha agus tá roinnt limistéar aolchloiche i réigiún theas an dobharcheantair (NPWS, 2004). Déantar an loch a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 10 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce), i.e. éadomhain (100mg/l CaCO<sub>3</sub>).

Tá Loch Cuilinn suite laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS - Caomhnú) na Muaidhe (NPWS, 2005). Aolchloch Charbónmhar is mó atá i ngeolaíocht bhunúsach d'fhormhór an LCS (Caomhnú), agus tá limistéir de ghaineamhchloch Charbónmhar, grianchloichítí Dálriadacha agus siostaí ar an láthair freisin. Tá eibhir faoi bhun cuid de na craobh-aibhneacha ag Loch Con thoir agus theas, agus iad go léir ag sreabhadh isteach i Loch Cuilinn. Roghnaíodh an suíomh mar LCS (Caomhnú) is iarrthóir de thairbhe go bhfuil coillearnacha fliucha gláracha, portach ardaithe, seanchoillearnacha darach (le fáil ar chladach Loch Cuilinn), portach ardaithe díghrádaithe agus logáin *Rhynchosporion* (*Rhynchospora alba*) ann, ar gnáthóga tosaíochta uile iad ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga.

Roghnaíodh an LCS (Caomhnú) seo freisin mar gheall ar láithreach na speiceas seo a leanas, atá liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir chéanna – bradán an Atlantaigh, an madra uisce, loimpre mhara agus loimpre shrutháin agus piardóg liathbhán. Tá dath réasúnta íseal ag agus soiléireacht mhaith uisce ag Loch Cuilinn. Diatóim agus algaí gormghlasa is mó atá san fhíteaplanctón sa loch. Tacaíonn Loch Cuilinn freisin le héin uisce geimhrithe tábhachtacha agus tá sé sainithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta, de thairbhe gurb é cheann de líon beag suíomhanna pórúcháin don Scótar in Éirinn (NPWS, 2005). Breathnaíodh ar Loch Cuilinn tráth mar cheann de phríomh-iascaigh breac donn na hÉireann, ach measadh go minic gurbh é an 'drochghaol' de Loch Con. Go stairiúil, maidir le slatiascaireacht, tugadh suntas do Loch Cuilinn mar gur thacaigh sé le daonra mór den bhreac donn a bhí measartha beag (O'Grady agus Delanty, 2001). Sa lá atá inniu ann is minic a ghabhtar breac donn ar

meán idir 0.3kg agus 0.45kg, agus cuid acu suas le 1.8kg (O'Reilly 2007). Breathnaíodh ar an loch freisin mar iascach bradáin an-tábhachtach agus faigheann sé báire bradáin le linn míonna an earraigh agus an tsamhraidh (NPWS, 2004; O'Reilly, 2007). Go deimhin, caithfidh na bradáin go léir, a bhféadfadh go leor díobh a bheith ann, atá i ndán do Loch Con agus dá aibhneacha atá ag sreabhadh isteach ann, dul trí Loch Cuilinn.

Rinneadh suirbhé ar Loch Cuilinn roimhe seo in 1994, 1998 agus 2001 mar chuid de mheasúnú ar stoc éisc ag rannóg taighde IIE ag baint úsáide as líonta geolbhaigh suirbhéireachta dualacha beantacha ina raibh seacht bpainéal. Léirigh na suirbhéanna seo gur tháinig laghdú ar an daonra breac donn idir 1995 agus 2001. Tá fadhbanna eotrófaithe soiléir sa loch le blianta beaga anuas. Bhí pobal ruán sa loch ó na 1960idí i leith; mar sin féin, bunaíodh róiste, speiceas neamhdhúchasach an-bhisiúil, sa loch sna 1990idí. Rinne IIE suirbhéireacht ar an loc le haghaidh chlár faireacháin éisc WFD in 2009, 2012, 2018 agus 2022 (TAGAIRTÍ de dhíth)-WFDfish.ie. Le linn shuirbhé 2018, fuarthas amach gurbh é róiste an speiceas ceannasach a bhí le fáil sa loch. I rith an tsuirbhé freisin, gabhadh péirse, breac donn, cúramán, garmachán, ruán, liús, hibridí idir róiste agus ruán, bradáin agus eascanna. Bunaithe ar na daonraí iasc a bhí ann, sannadh stádas éiceolaíoch Measartha do Loch Cuilinn sa suirbhé is déanaí faoi WFD (2018). Tá stádas éiceolaíoch foriomlán measartha sannta ag GCC don loch don tréimhse faireacháin 2013-2018.

#### 2.4. Loch Ceara

Tá Loch Ceara suite i gContae Mhaigh Eo agus is é an chuid is faide ó thuaidh de dhobharcheantar na Coiribe é. Tá sé suite timpeall 5km ó thuaidh ó Bhaile an Róba, Co. Mhaigh Eo. Is é Loch Ceara an loch marla is mó in Éirinn, agus achar dromchla de thart ar 1,600 heicteár aige. Is loch uisce cruá é a fhaigheann an chuid is mó dá uisce trí na sruthanna friothálacha a shreabhann isteach ag pointí éagsúla timpeall a imlíne (Huxley agus Huxley, 2009) agus roinnt uisce ag teacht ó fhuaráin screamhuisce. Tá an chuid is mó den loch éadomhain agus meándoimhneacht de thart ar 1.8m aige; mar sin féin, tá codanna den loch mar a bhfuil an doimhneacht níos mó ná 19m (Huxley agus Huxley, 2009). Tá clú agus cáil ar Loch Ceara mar gheall ar a dhath glas/gorm, mar gheall ar fhoirmiú screamhú cailcreach (NPWS, 2004). Tá pobail dea-fhorbartha aol-lusanna le fáil sa loch, agus taifeadadh *Chara curta*, *C. desmacantha*, *C. rudis* agus *C. contraria* ann freisin (NPWS, 2004). Déantar an loch a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 10 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce (WFD)), i.e. éadomhain (100mg/l CaCO<sub>3</sub>).

Tá meánmhéid an bhreac donn a thógtar ó Loch Ceara níos mó ná ó aon cheann de lochanna eile an iarthair, mar go bhfásann siad go tapa san éiceachóras saibhir seo. Meastar go bhfuil Loch Ceara ar cheann de líon beag lochanna cailcreacha breac donn fiáin atá fágtha san AE (Irvine et al. 2003). Le linn na 1990í rinne iascach Intíre Éireann (IIE) oibreacha athshlánaithe agus feabhsaithe iascaigh ar shruthanna sceathraí Loch Ceara agus mar thoradh air seo tháinig méadú ar líon iasc óg inghafa na mbreac donn chuig an loch

(O'Grady, 2009). Rinneadh suirbhé ar an loch ocht n-uaire ó 1978 go 2009 mar chuid de chlár taighde breac donn IIÉ, ag baint úsáide as líonta geolbhaigh suirbhéireachta dualacha beantacha ina raibh seacht bpainéal; taifeadadh breac donn, péirse agus liús ar gach ócáid samplála. Thug na torthaí is déanaí (Márta 2009) a bhain úsáid as an modh suirbhéireachta seo le fios go raibh stoc iontach agus sláintiúil de bhreac donn sa loch (IIÉ, 2009). Níos moille arís, rinne IIÉ suirbhé ar an loch don chlár faireacháin faireachais éisc WFD in 2009, 2012, 2015, 2019 agus 2022 (Kelly et al., 2010, 2013 agus 2016, Corcoran et al., 2020). Sna suirbhéanna sin, ba í an péirse na t-iasc ba líonmhaire, agus tháinig laghdú beag ar líon na mbreac donn. Sannadh stádas éiceolaíoch éisc Maith ar Loch Ceara thiar in 2018 (Corcoran et al., 2020). Sa tréimhse tuairiscithe um fhaireachán faireachais ó 2013 go 2018, shann GCC stádas éiceolaíoch foriomlán Maith do Loch Ceara, bunaithe ar na heilimintí fisiciceimiceacha agus bitheolaíocha uile a ndearnadh faireachán orthu, lena n-áirítear éisc.

In ainneoin an ainmniúcháin measartha déanach seo, tá meath suntasach tagtha ar cháilíocht an uisce le deich mbliana anuas i Loch Ceara. Léiríonn tuarascálacha le déanaí ón GCC arduithe i leibhéal orta-fosfáite agus Nítrigine agus méadú ar bhithmhais algach i samplaí uisce locha. Cruthaíodh Comhlachas Dobharcheantair Loch Ceara in 2018 mar thoradh ar na treochtaí sin ar ábhair bhuartha iad. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa pobalbhunaithe seo dul i ngleic le daoine atá ina gcónaí agus ata i mbun feirmeoireachta i limistéar dobharcheantair Loch Ceara chun cuidiú le hionchur cothaitheach díobhálach a laghdú. D'éirigh leo feachtas a ardú i measc an phobail áitiúil ar na fadhbanna atá roimh Loch Ceara, ach is é an dúshlán is mó atá ann, rud atá roimh lochanna móra an iarthair go léir, ná an bhéim reatha a aistriú ó dhianú na talmhaíochta i ndobharcheantair íogaire an iarthair go dtí beartas bainistíochta talún atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

## 2.5. Loch Measca

Tá Loch Measca suite ó thuaidh ó Loch Coirib, in aice le Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo. Is é Loch Measca an séú loch is mó in Éirinn, agus achar dromchla de thart ar 8,218 heicteár aige. Is é thart ar 16km fad an locha ón tuaisceart go dtí an deisceart agus is é thart ar 6.4km an leithead ag an bpointe is leithne. Is iad na príomhaibhneacha a shreabhann isteach i Loch Measca ná Abhainn Chluana, an Róba, an Abhainn Bhraín, Abhainn Fhionnaithe, Abhainn Ghleann Sál, Abhainn Ghleann Tréig agus Abhainn an Chaoil, arb í an abhainn a ritheann amach ó Loch Ceara. Tá Loch Measca nasctha le Loch Coirib ag Canáil Chonga. Tríd is tríd is loch éadomhain é agus meándoimhneacht 5m aige; ach tá uasdoimhneacht 57m aige feadh trinse fada caol ar chladach thiar an locha (NPWS, 2004). Déantar an loch a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 12 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Creat-Treorach Uisce), i.e. domhain (>4m), níos mó ná 50 heicteár agus ard-alcaileacht (>100mg/l CaCO<sub>3</sub>).

Aolchloch Charbónmhar is ea geolaíocht bhunúsach Loch Measca, le limistéir de scealla agus gaineamhchloch, agus is sampla iontach é de loch olagatrófach ísealchríche (NPWS, 2004). Is iad Loch Measca, Loch Ceara agus Abhainn an Chluana coimpléasc Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC - Caomhnú) Loch Ceara/Loch Measca. Tá sé ghnáthóg atá liostaithe ar larscríbhinn I de Threoir an AE maidir le Gnáthóga le fáil ar an láithreán seo, lena n-áirítear dhá ghnáthóg tosaíochta - cosán aolchloiche agus eanach Cladium (NPWS, 2004).

Taifeadadh róiste, speiceas ionrach éisc, den chéad uair i suirbhé measúnaithe ar stoc éisc in 1996, ó shin i leith tá an daonra scaipthe ar fud an locha. Tá cáil ar Loch Measca mar gheall ar a chuid daonraí den bhreac donn agus den bhreac fíochmhar, agus meánmhéid an bhric dhoinn idir 0.6kg agus 1.4kg. D'fhéadfadh an breac fíochmhar is mó a bheith suas le 9kg (O'Reilly, 2007).

Rinneadh suirbhé ar an loch roimhe seo in 1996 mar chuid de chlár measúnaithe stoc breac donn de chuid Iascach Intíre Éireann (IIÉ) ag baint úsáide as líonta geolbhaigh suirbhéireachta dualacha beantacha ina raibh seacht bpainéal. Taifeadadh cúig speiceas éisc an tráth sin; breac donn, ruabhreac Artach, liús, péirse agus róiste amháin. Níos moille arís, rinne IIÉ suirbhé ar an loch don chlár faireacháin éisc WFD in 2009, 2012 agus 2015 (Kelly et al., 2010, 2013 agus 2016) agus 2019 (Corcoran et al., 2020). Le linn an tsuirbhé is déanaí, taifeadadh péirse, róiste, bran, hibridí idir róiste agus bran, breac donn, ruabhreac Artach, liús, garmachán agus eascanna ann (Corcoran et al., 2020).

Sannadh stádas éiceolaíoch Maith do Loch Measca in 2019 bunaithe ar na daonraí éisc a bhí ann. Sannadh stádas éisc Maith don loch freisin thiar in 2009, 2012 agus 2015. Sa tréimhse tuairiscithe um fhaireachán faireachais ó 2013 go 2018, shann GCC dréacht-stádas éiceolaíoch foriomlán Maith don loch, bunaithe ar na heilimintí fisiciceimiceacha agus bitheolaíocha uile a ndearnadh faireachán orthu, lena n-áirítear éisc.

## 2.6. Loch Coirib

Tá Loch Coirib, an ceann is mó de lochanna an iarthair agus an dara loch is mó in Éirinn (i ndiaidh Loch nEathach), suite i gCo. na Gaillimhe i ndobharcheantar na Coiribe. Síneann an loch ó lasmuigh de chathair na Gaillimhe go dtí laistigh de thrí chiliméadar ón Teach Dóite, achar níos mó ná 50 ciliméadar. I measc na bpríomhaibhneacha a shileann isteach i Loch Coirib tá an Abhainn Dubh, Abhainn an Chláir, Abhainn Dhubhachta, Abhainn na Creige, Abhainn Chorr na Móna, Abhainn Ruibhe, agus Canáil Chonga a nascann Loch Coirib le Loch Measca.

D'fhéadfadh an loch a roinnt ina dhá chuid: Loch Coirib Íochtarach - abhantrach measartha éadomhain a bhfuil aolchloch charbónmhar faoi ó dheas (Fíor 1.1), agus Loch Coirib Uachtarach - abhantrach níos mó agus níos doimhne a bhfuil eibhir níos aigéadaí, sciotaí, sceallaí agus gaineamhchlocha faoi ó thuaidh. Is é 16,562 heicteár achar dromchla an locha (5,042 heicteár sa Loch Íochtarach agus 11,520 heicteár sa Loch Uachtarach), agus tá uasdoimhneacht 42m aige. Déantar an loch íochtarach a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 10 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce), i.e. éadomhain (meándoimhneacht <4m – Cruas iomlán >100mg/l CaCO<sub>3</sub>) agus tá an loch uachtarach in aicme tíopeolaíochta 12, i.e. domhain (meándoimhneacht >4m), níos mó ná 50ha agus alcaileacht ard (>100mg/l CaCO<sub>3</sub>).

Tacaíonn an loch le 14 ghnáthóg chosanta agus le sé speiceas, lena n-áirítear bradán atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II faoi seach de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (NPWS, 2004). Tá sé ar cheann de na hiascaigh ghéim is fearr ar domhan agus tá cáil



idirnáisiúnta air as an iascaireacht don bhreac donn. Is eol go bhfuil breac donn, bradán, péirse, róiste, bran, hibridí idir róiste agus bran, eascanna, garmachán, garmachán deich gclipe, liús, cúramán agus cailleach rua sa loch. Ar an drochuair, aithníodh róiste, speiceas éisc ionrach neamhdhúchasach i Loch Coirib Íochtarach den chéad uair go luath sna 1980í, agus scaipeadh iad ina dhiaidh sin chuig gach cúinne den loch. Chonacthas líonta arda róiste i ngnáthoibríochtaí líontóireachta ar an loch ó dheireadh na 1980í go dtí 1992 nuair a chonacthas laghdú ar an stoc. Ba le linn na tréimhse sin a measadh go raibh an ruabhreac Artach imithe ó Loch Coirib. Go luath in 2007, aimsíodh líon mór den seadán prótasóin Criteaspóiridiam sp. in uisce ón loch, as a dtáinig éilliú an tsoláthair uisce poiblí agus ráig cripteaspóiriodóise i gcathair na Gaillimhe.

Cuairteoir eile ar an loch nach bhfuil fáilte roimhe is ea an speiceas an-ionrach planda *Lagarosiphon major* (ar a dtugtar “an Líobhógach Afracach” freisin) a aithníodh den chéad uair sa loch thiar sa bhliain 2005. Tá an planda seo atá ag coilíneacht go tapa tar éis speicis phlandaí dúchasacha a eisiamh ó bhánna ina bhfuil sé bunaithe. Taifeadadh an diúilicín riabhach (*Dreissena polymorpha*), speiceas ionrach eile in Éirinn den chéad uair i Loch Coirib le linn 2007 agus ceaptar gur tugadh isteach sa loch iad in 2000/2001.

Tá Loch Coirib san áireamh i gclár faireacháin fadtéarmach ar cháilíocht uisce de chuid Iascach Intíre Éireann maidir le héiceachórais lochanna ó 1975 i leith. Tá an loch aicmithe faoi láthair mar mhéiseatrófach. Rinne Iascach Intíre Éireann (an Príomh-Bhord Iascaigh agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair roimhe seo) suirbhéireacht air chun a stoic éisc a mheasúnú in 1986 agus in 1996).

Rinneadh suirbhéireacht ar an loch freisin thiar in 2008, 2011, 2014 agus 2018 agus 2021 mar chuid de chlár faireacháin faireachais na Treorach Réime maidir le hUisce (Kelly et al., 2009, 2012a agus 2015; Connor et al., 2018 agus McLoone et al., 2022). Le linn shuirbhé 2018, fuarthas amach go raibh péirse agus róiste ina dhiaidh sin ar an speiceas ceannasach atá le fáil sa Loch Uachtair, agus bhí an phéirse agus hibridí idir bran agus róiste ceannasach ar an Loch Íochtar. Gabhadh breac donn, bradán, garmachán, garmachán deich gclipe, liús, bran, cailleach rua agus eascanna freisin le linn an tsuirbhé.

## 2.7. Loch Síleann

Tá Loch Síleann suite i gcontaetha an Chabháin, na Mí agus na hIarmhí i bhfo-dhobharcheantar na hEithne de Cheantar Abhantraí na Sionainne. Tá an loch suite soir ó thuaidh ó Fhioth an Átha, Co. na hIarmhí. Tá sé seacht gciliméadar ar fad agus tá achar dromchla 1,900 heicteár aige. Sreabhann an Eithne tríd an loch. Is loch measartha éadomhain é Loch Síleann agus meándoimhneacht 4.4m aige, uasdoimhneacht 15m, agus tá 51% den loch níos lú ná 5m ar doimhneacht. Aolchloch Charbónmhar den chuid is mó is ea geolaíocht an dobharcheantair, ach tá foirmíochtaí Siolúracha/Ordaiviseacha mar bhonn ag an abhantrach dhraenála thiar agus thuaidh.

Tá an loch eotrófach, agus déantar é a chatagóiriú mar aicme tíopeolaíochta 12 (mar atá sainithe ag an GCC chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce), i.e. domhain (>4m), níos mó ná 50 ha agus ard-alcaileacht (>100 mg/l CaCO<sub>3</sub>).

Sna 1960í agus 1970í bhí Loch Síleann ar cheann de na lochanna slatiascaireachta breac is fearr in Éirinn, arna bhainistiú agus arna fhorbairt ag an Iontaobhas Iascaigh Intíre (Iascach Intíre Éireann anois). Tá saibhriú forásach déanta ar Loch Síleann ó thús na 1970í (Champ, 1998 agus 2003) mar gheall ar fhosfar a tháinig ó dhianfhorbairtí talmhaíochta. Mar thoradh air seo tá laghdú tagtha ar líon na mbreac agus tá an stoc éisc faoi smacht ag ciprinidí.

Rinneadh an loch a stocáil le breac donn san am a chuaigh thart, agus tugadh isteach thart ar 16,000 iasc 2+ in 2004, agus idir 3,000 agus 6,000 in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Cuireadh deireadh le stocáil breac donn isteach sa loch in 2011.

Rinne Iascach Intíre Éireann (Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne agus an Príomh-Bhord Iascaigh roimhe seo) faireachán leanúnach ar cháilíocht an uisce sa loch agus sa dobharcheantar ó na 1970í go dtí 2015. Tugadh laghdú beag faoi deara ar líon iomlán na hualuithe fosfair chuig an loch idir 1988 agus 2005, rud a thugann le tuiscint gur tháinig laghdú ar chaillteanas fosfair ón dobharcheantar le linn na tréimhse sin ach léiríonn sonraí níos déanaí ó 2006 go 2014 nach bhfuil aon fheabhsú ar na hualuithe cothaitheacha go dtí an loch.

Tá suirbhéireacht déanta go tráthrialta ag Iascach Intíre Éireann ar an bpobal éisc i Loch Síleann ó 1978 i leith trí leas a bhaint as teicníc líontóireachta geolbhaigh a forbraíodh go déanach sna 1970í chun stoic breac (breac > 19.8cm ar fhad) ar iascaigh locha roghnaithe a mheas. Gabhtar speicis éisc eile freisin mar sheachghabháil le linn na suirbhéanna seo. Cruthaíodh gur uirlis bhainistíochta éifeachtach í an obair seo chun luaineacht sna stoic éisc le himeacht ama a léiriú. Forbraíodh bunachar sonraí fairsing bunaithe ar an modh seo. Bhí éagsúlacht idir 100,000 agus 120,000 iasc ar bharr ar a chois breac (>19.8cm) i Loch Síleann go luath sna 1980í agus tá laghdú suntasach tagtha air ó shin. Ar an drochuair, tugadh isteach an róiste, speiceas ionrach neamhdhúchasach, sa loch le linn na 1970idí agus tá athrú mór tagtha ar a líonmhaireacht ón tréimhse sin i leith.

Rinneadh suirbhéanna ar stoc éisc iomlán an locha ar an loch gach trí bliana ó 2008 i leith chun críocha na Treorach Réime maidir le hUisce. Le linn shuirbhé 2017 ba í an phéirse na speiceas ceannasach a taifeadadh agus ina dhiaidh sin bhí róiste, breac donn, liús, garmachán, agus hibridí idir cúramáin agus róiste agus bran (Conor et al., 2018). Sannadh stádas éiceolaíoch éisc don loch in 2017, is feabhas é sin ar na blianta roimhe sin nuair a sannadh stádas éiceolaíoch iasc measartha dó. Sa tréimhse tuairiscithe faireacháin faireachais ó 2013 go 2018 don Treoir Réime maidir le hUisce, bhí stádas éiceolaíochta foriomlán Maith sannta ag GCC do Loch Síleann.

## 2.8. Dobharcheantair Íogaire Eile

Níl na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar stoic leochaileacha salmainidí teoranta do na lochanna atá san áireamh sa phlean seo. Tá roinnt mhaith córas aibhneacha agus lochanna, go háirithe sna contaetha thiar ó Dhún na nGall go Ciarraí, ina bhfuil salmainidí agus speicis eile iasc atá tearc agus dúchasacha go mór i mbaol. Is ábhar imní ar leith iad fadhbanna a bhaineann le tabhairt isteach iasc ionrach, brúnna ar cháilíocht uisce agus ar an dobharsaothrú i roinnt de na dobharcheantair sin.

Tá sraith de phleananna ar leith molta do na dobharcheantair seo a fhéachfaidh le dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar na dobharlaigh seo agus ar a stoic éisc.

## 3.0. Éisc

Faoi láthair tá 16 speiceas iasc taifeadta i lochanna an iarthair (Tábla 3.2.). Tá seacht gcinn acu siúd dúchasach don réigiún, agus glactar leis gur tháinig siad isteach i bhfionnuisce na hÉireann díreach tar éis an oighrithe is déanaí, tá timpeall 12 – 14,000 bliain ó shin. Tá cumas ag na speicis seo go léir an tsalandacht a fhulaingt agus ceaptar go ndeachaigh siad ar imirce ón timpeallacht mhuirí a luaithe is a bhí go leor coscartha ar chórais aibhneacha chun freastal ar iasc. Ní sheasann na hocht speiceas eile dálaí lánmhuirí agus glactar leis mar sin gur tugadh isteach iad, cé gur údar na tuairimíochta é na teagmhais bhunaidh do phobail roinnt speiceas i lochanna an iarthair. Léirítear i dTábla 3.2 thíos na speicis éagsúla éisc atá le fáil faoi láthair i lochanna an iarthair agus tá roinnt nótaí bitheolaíocha san áireamh freisin.

Is é an breac donn fiáin na speicis éisc a bhfuil is mó imní faoi i gcomhthéacs lochanna an iarthair. Breathnaítear freisin ar bhradán an Atlantaigh, an ruabhreac Artach agus Eascanna, ach tá bearta caomhnaithe ar leith i bhfeidhm cheana féin nó faoi bhreithniú i leith na speiceas seo. Tá beartais agus cláir thaighde nua á n-ullmhú faoi láthair don bhreac donn agus tá an plean seo do lochanna an iarthair ag teacht leis an treo beartais seo. Tá tuilleadh faisnéise maidir le beartas Bhreac Donn IIÉ ar fáil ag:

<https://www.fisheriesireland.ie/sites/default/files/migrated/docman/Brown%20Trout%20Report.pdf>

Tá morfaitíopaí eile breac donn ina n-ábhar imní freisin, go háirithe an breac fíochmhar mór a chónaíonn i Loch Measca agus i Loch Coirib. Tugtar speicis breac chomhcheantracha ar fhospeicis eile breac (e.g. Samlachán agus Giolla Rua) le chéile, agus tá bearta caomhnaithe dá gcuid féin molta ina leith.

### 3.1. Rialacháin maidir le hlascaigh

Athraíonn príomhghnéithe na rialachán lena rialaítear an tslatiascaireacht breac ar 7 loch an Iarthair ó shuíomh amháin go chéile (féach tábla 3.1.) thíos). Tá sé i gceist ag an bplean seo caighdeánú a dhéanamh ar na rialacháin sin, chun ceadú do dhálaí áitiúla, cleachtais bhunaithe, agus iompraíocht dhifriúil éisc. Déanfar teorainneacha málaí leasaithe a chomhaontú leis na páirtithe leasmhara mar léiriú ar leibhéal reatha stoic agus meastacháin dúshaothraithe. Déanfar machnamh freisin ar shrianta bunaithe ar uasteorainn nó ar uasteorann méide inghlactha mar bheart caomhnaithe le haghaidh stoic ardluacha sceathraí agus stoic fhíochmhara.

Níl aon teorainn reachtúil málaí ag Loch Conn agus Loch Cuilinn faoi láthair, agus is uathúil ina leith sin iad, i measc lochanna an Iarthair. Déanfar athbhreithniú air sin mar chuid d'ailíniú foriomlán na rialachán do na lochanna sin. Spreagfar cleachtais gabhála agus scaoilte chun tionchar slatiascairí ar stoic a laghdú.

**Tábla 3.1 Rialacháin ghinearálta slatiascaireachta don bhreac donn ar lochanna an Iarthair.**

Beart caomhnaithe slatiascaireachta	Loch Arbhach	Loch Conn	Loch Cuilinn	Loch Ceara	Loch Measca	Loch Coirib	Loch Síleann
Séasúr	1 Aib - 30 M.Fómh	15 Feabh - 30 M.Fómh	15 Feabh - 30 M.Fómh	15 Feabh - 30 M.Fómh	15 Feabh - 30 M.Fómh	15 Feabh - 30 M.Fómh	1 Már 12 D.Fómh
Teorainn mhéide	30cm	30cm	30cm	33cm	33cm	33cm	36cm
Teorainn Málaí Laethúil	4	-	-	4	4	4	2

Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Cuntas & Roghanna Bainistíochta	Láithreach
<p style="writing-mode: vertical-rl; transform: rotate(180deg);">Species Duchasacha a bhfuil Ardluach Caomhnaithe ag Baint Leo</p>	<p><b>Breac Donn</b> <b>(<i>Salmo trutta</i>)</b></p>	<p>Tá an speiceas dúchasach seo léirithe ag roinnt stoc atá uathúil go géiniteach, agus fospeiceas i ngach ceann de na lochanna. Tá láithreach shuntasach éiceolaíoch, chultúrtha, stairiúil agus eacnamaíoch aige sa réigiún. Tá a áit laistigh den éiceachóras, agus i bhfabraic shóisialta mórlochanna an iarthair go léir seanbhunaithe. Teastaíonn foshraitheanna glana abhann (gairbhéal) ón mbreac donn le huisce fionnuar, ocsaiginithe go leordhóthanach, chun atáirgeadh agus fás. Tá a bhfolláine amach anseo ag brath i gcórais lochanna an iarthair ag brath ar infhaighteacht na gnáthóige sin i ngach ceann de na córais aibhneacha i lochanna an iarthair. Ní mór ardtosaíocht a thabhairt don ghnáthóg seo a chosaint agus, nuair is cuí, a athbhunú ar fud na ndobharcheantar ábhartha. D'fhoilsigh IÉ clár náisiúnta taighde 5 bliana le déanaí don bhreac donn fiáin. Molann an clár seo measúnú críochnúil ar an bhfaisnéis bhonnlíne ar éiceolaíocht breac donn atá ar fáil faoi láthair in Éirinn chomh maith le sraith uirlisí bainistíochta.</p> <p>Ceann de phríomhchuspóirí an phlean seo ná caomhnú agus athchóiriú stoc breac donn fiáin agus a ngnáthóg i ngach ceann de dhobharcheantair lochanna an iarthair. Tá rialacháin ar leith i bhfeidhm do gach ceann de lochanna an iarthair maidir le saothrú breac donn ag úsáideoirí áineasa. Tá siad seo bunaithe ar bhonn mhéid an stoic, ar rátaí fáis, ar aois ag aibíocht agus ar bhisiúlacht. Moltar roinnt coigeartuithe ar na rialacháin seo mar chuid den phlean seo ionas gur féidir bearta caomhnaithe a ailíniú ar bhealach níos fearr idir na lochanna sainithe go léir.</p>	<p>L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann</p>

Species Duchasacha a bhfuil Ardluach Caomhnaithe ag Baint Leo	<p><b>Bradán an Atlantaigh (<i>Salmo salar</i>)</b></p>	<p>Is speiceas íocónach de bhradán imirceach iad bradán an Atlantaigh, atá gaotha don bhreac donn agus don ruabhreac Artach. Léiríonn siad straitéis staire beatha anadromach, sa mhéid is go n-imíonn siad ón timpeallacht mhuirí, áit a gcothaíonn siad go dtí aibíocht, chuig ár gcórais fionnuisce chun atáirgeadh. A luaithe is a bhíonn na héisc fhásta sceite ina n-aibhneacha breithe, forbraíonn a n-ógánaigh ar feadh 1 -3 bliana sula bhfilleann siad ar an bhfarraige le fás agus aibí, ag fillleadh tar éis 1 go 4 bliana le haghaidh sceite. Amhail an breac donn, teastaíonn gnáthóg abhann ardchaighdeán ón mbradán, ina bhfuil uisce glan agus foshraitheanna chun atáirgeadh agus forbairt go rathúil.</p> <p>Tá stoic bradán i láthair agus i riocht sláintiúil i dtrí loch an iarthair (Loch Con, Loch Cuilinn agus Loch Coirib) cé go bhfuil siad ag laghdú ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh le breis agus 30 bliain. Faoi láthair, tá a líonta ag na leibhéil taifeadta is ísle riamh, go hidirnáisiúnta, agus tá siad faoi chosaint anois ar fud a raoin. Tá sraith beart i bhfeidhm ó 2006 a chuireann srian agus rialú docht ar a saothrú trí úsáid a bhaint as córas clibeála agus logleabhair.</p> <p>Áirítear iad freisin in iarscríbhinn ii de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 (an Treoir um Ghnáthóga) agus liostaítear iad mar leas cáilitheach do go leor de na suíomhanna in Éirinn ina bhfuil siad. Tá ag teip ar go leor dár láithreáin Natura a stádas caomhantais maidir leis an mbradán a bhaint amach mar go laghdaíonn siad i gcónaí go háitiúil agus go náisiúnta. Ní dócha gur féidir leis an bplean seo amháin an treocht anuas i stoic bradán a aisiompú, ach trí ghnáthóg shalmainide agus cáilíocht an uisce a chosaint agus a athchóiriú ar fud abhantrach lochanna an iarthair mar a bhfuil siad, d'fhéadfadh an plean seo cur le hiarrachtaí caomhantaisnáisiúnta agus idirnáisiúnta.</p>	<p>L. Con, L. Cuillin, L. Coirib, L. Measca* ( * Cúirteoir ó am go chéile)</p>
	<p><b>Ruabhreac Artach (<i>Salvelinus alpinus</i>)</b></p>	<p>Is gaotha beaga den bhreac agus den bhradán an ruabhreach Artach a chaill a nósanna imirce, agus iad talamhiata inár n-uiscebhealaí intíre le thart ar 10,000bliain anuas. Is speiceas fo-Artach iad a fhágann go bhfuil siad níos íogaire do theochtaí arda agus a chuireann iad chuig tearmainn uisce domhain asholáthraíonn cuid dár lochanna is mó agus dár lochanna ag airde mhór. Tá siad thar a bheith íogair freisin d'athruithe ar cháilíocht an uisce agus tá siad imithe léig i ngach loch an iarthair, seachas Loch Measca, le 50 bliain anuas.</p> <p>B'fhéidir mar gheall ar a neamhthábhacht choibhneasta tráchtála agus áineasa, níl an ruabhreac faoi chosaint i gcomhthéacs Eorpach. Níl aon reachtaíocht náisiúnta ar leith ann ach an oiread a chosnaíonn a stoic nó a ngnáthóga in ainneoin go bhfuil bagairt mhór orthu ar fud a raoin in Éirinn. Tá an raon bagairtí ar a saol sa todhchaí i lochanna na hÉireann an-chosúil leis na bagairtí a théann i bhfeidhm ar bhreac agus ar bhradán agus d'fhéadfadh buntáistí suntasacha a bheith ann do na trí speiceas salmainide dá n-achtófaí dlíthe tiomnaithe Eorpacha chun laghduithe breise ar stoic na ruabhreac a chosc. Tá sé mar chuspóir sonraithe ag an tuarascáil seo cur chun cinn a dhéanamh ar thabhairt isteach na ruabhreac Artach chuig iarscríbhinn ii den treoir maidir le gnáthóga agus thairis sin, iad a áireamh mar leasanna cáilitheacha in aon láithreán Natura ina bhfuil siad. Más rud é go mbíonn cáilíocht an uisce sách maith chun tacú le stoic ruabhreac in aon cheann de lochanna an iarthair, ba cheart clár athbhunaithe a bhreithniú in uisce a raibh siad iontu roimhe seo.</p>	<p>L. Measca</p>

Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Cuntas & Roghanna Bainistíochta	Láithreacht
Species Duchasacha a bhfuil Ardluach Caomhnaithe ag Baint Leo	<b>Eascann Eorpach (Anguilla anguilla)</b>	Is speiceas iasc imirceach pan-Eorpach í an Eascann a bhfuil stíl bheatha chatadromach aici - Is é sin go bpóraíonn sí ar muir ach téann céimeanna larbhacha ar shruthanna aigéanacha sula sroicheann siad cóstaí Atlantacha na hEorpa, ag dul isteach i bhfionnuisce mar eascanna gloine beaga bídeacha nó mar luathóga. Caitheann siad blianta fada (15 - 50), ag fás go haibíocht i bhfionnuisce go dtí a n-imirce amach go dtí an timpeallacht mhuirí chun sceitheadh, go domhain sa Mhuir Shargasach. Tá an eascann Eorpach aicmithe mar i mbaol criticiúil ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) maidir le speicis atá faoi bhagairt, agus tá laghdú tagtha ar líon na n-eascann óg a shroich ár n-uiscí le 30 bliain anuas agus is ionann é agus líon chomh beag le 8% den mhéid a bhí ann i rith na 1970í. Mar thoradh ar seo, cuireadh stad ar saothrú eascann ar fud poblacht na hÉireann.	L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann
	Liompraí	<b>Liompre Mara (Petromyzon marinus)</b>	Is grúpa de speicis éisc bunúsacha iad loimprí a bhfuil súiteoir diosca béil acu in ionad giall. Cothaíonn siad trí ghlacadh seadáin iasc eile nó trí scagadh a dhéanamh trí spruadar beantach. Aithnítear trí speiceas in Éirinn agus tá gach ceann díobh cosanta i gcomhthéacs Eorpach agus liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga. Is féidir leis an loimpre mhara faid suas le 1 m a bhaint amach agus caitheann sí an chuid is mó dá saol mar eicteaparasít iasc eile sa timpeallacht mhuirí. Sceitheadh an loimpre mhara gach bliain sna réimsí íochtair d'aibhneacha móra agus faigheann sí bás tar éis sceite. Tar éis gorrtha, téann loimpre larbhach le sruth go dtí go bhfaighidh siad cuid oiriúnach láibeach nó silteach de ghrinneall na habhann le dul isteach ann. Caitheann loimpre roinnt blianta ina dhiaidh sin i bhfoirm óg dall, cosúil le péist ar a dtugtar amaicéat, a dhéanann scagadh ar orgánaigh mhicreascópacha ón uisce agus ón láib. Tar éis idir sé bliana agus ocht mbliana, forbraíonn amaicéat loimpre mhara súile agus casann siad airgeadach, ag athrú ina loimprí fásta saorshámha agus iad ag déanamh a mbealach le sruth agus ag dul ar imirce chun farraige. *Tá daonraí loimprí mara talamhiata i roinnt lochanna in Éirinn. Tá na loimprí seo níos lú ná na gnáthloimprí mara a théann ar an bhfarraige agus is cosúil nach n-íomíonn siad chun farraige ach go bhfanann siad i lochanna chun cothú go faille ar éisc mhóra, mar an bran, an liús agus an breac.

Species Duchasacha a bhfuil Ardluach Caomhnaithe ag Baint Leo	Liomprai	<b>Liompre Shrutháin (<i>Lampetra planerii</i>)</b>	<p>Is i bhfionnuisce amháin a mhaireann loimprí srutháin agus is féidir iad a fháil i gcainéil abhann mhóra agus bheaga, cé go mbíonn siad le fáil go hiondúil in aibhneacha níos lú. Cothaíonn na loimprí fásta trí scagadh trí spruadar d'orgánaigh mhicreascópacha. Sceitheann siad go luath sasamhradh i ngrinneall aibhneacha gairbhéil nó gainimh ag baint úsáide as a gcuid súiteoirí chun clocha a bhaint.</p>	<p>L. Con, L. Cuillin, L. Coirib</p>
		<b>Liomprai Abhainn (<i>Lampetra fluviatilis</i>)</b>	<p>Tá loimpre abhann fásta dúchasach d'fhionnuiscí na hÉireann freisin. Is parásítí seachtracha iad a cheanglaíonn ar iasc óstach lena diosca béil chun cothú ar a gcuid feola agus ar a gcuid fola. Deanann siad sceithe in abhainneacha i lar nó ag deireadh an t'earrach i neadacha ar a d'tugtar "redds" a thuclaíonn siad i meas clochanna. Taréis doibh teach amach, raiceann na lomprai óga síos leis an sruth go dtí go sroicheann siad suíomh lábach ina shoiprionn siad ar feadh tréimhse. Fannan siad ansin mar "Ammocoetes" agus itheann siad mion-orgánaí ar feadh 4 bhliain, am a bhfobraíonn siad súilte agus a d'tagann dath airgead urthu. Is aosaigh saor-snámhach iad ag an bpointe seo a théann síos an tsruth chun an fharraige a bhaint amach. Fanann siad i gcongar leis an gcósta ar feadh 18 mhí go dtí go bhfillleann siad ar an abhainn chun sceith a athdheanamh.</p>	<p>L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib,</p>



Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Tuairisc & Roghanna Bainistíochta	Láithreach
Species Duchasacha a bhfuil Níos Liú Luach Caomhnaithe ag Baint Leo	Garmachán ( <i>Gasterosteus aculeatus</i> )	Is dúchasach d'Éirinn é an garmachán agus tá sé ar cheann de na speicis éisc is lú atá againn. Tá trí nó ceithre dhromlach ar androim ag garmacháin agus péire eítí peilbheacha le dromlaigh chnámhacha feiceálacha ar a mbolg. Lena acmhainn ard salandachta, is féidir leis an ngarmachán dul i dtír i raon an-ilghnéitheach de ghnáthóga uisceacha ina soláthraíonn cúluiscí tearmann, lena n-áirítear srutháin agus aibhneacha malla, locháin, lochanna, canálacha, murlaigh, inbhir agus uiscí cósta foscúla. Tá siad flúirseach i lochanna uile an iarthair agus ina gcraobh-aibhneacha agus, cé gur cuid thábhachtach dá n-éiceachórais iad, ní ábhar imní caomhnaithe láithreach iad.	L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann
	Garmachán 9-gclipe ( <i>Pungitius pungitius</i> )	Is dúchasach d'Éirinn é an garmachán naoi gclibe, agus tá sé ar cheann de na speicis éisc is lú san Eoraip. Lena acmhainn ard salandachta, is féidir leis an ngarmachán naoi gclibe dul i dtír i raon an-ilghnéitheach de ghnáthóga uisceacha ina soláthraíonn cúluiscí tearmann, lena n-áirítear srutháin agus aibhneacha malla, locháin, lochanna, canálacha, murlaigh, inbhir agus uiscí cósta foscúla. Téann daonraí cósta ar ais chuig fionnuisce nó go huiscí goirt chun pórú. Is maith leo clúdach plandaí, agus tá siad in ann maireachtáil faoi choinníollacha ocsaigine an-íseal in uisce éadomhain nach féidir le héisc eile maireachtáil ann. Cé nár taifeadadh iad ach i loch amháin an iarthair, lena acmhainn ard salandachta, is féidir leis an ngarmachán dul i dtír i raon an-ilghnéitheach de ghnáthóga uisceacha ina soláthraíonn cúluiscí tearmann, lena n-áirítear srutháin agus aibhneacha malla, locháin, lochanna, canálacha, murlaigh, inbhir agus uiscí cósta foscúla. Cé nár taifeadadh iad ach i loch amháin an iarthair (Loch Coirib) ní ábhar imní caomhnaithe láithreach iad.	L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann

Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Tuirisc & Roghanna Bainistíochta	Láithreacht
Speicis Neamhdhúchasacha a bhfuil bainistíocht de dhíth ina leith	<b>Bradán Bándearg (<i>Oncorhynchus gorbusha</i>)</b>	Tugtar bradán cruiteach freisin anr an iasc seo agus is speiceas imirceach bradán iad bradán bándearg, atá dúchasach do chórais abhann i dtuaisceart an Aigéin Chiúin agus i réigiúin in aice láimhe den Mhuir Bheiring agus den Aigéan Artach. Tríd is tríd, bíonn siad níos lú ná bradán dúchasach an Atlantaigh agus is gnách go mbíonn siad ag sceitheadh gach dara bliain, i ngrinnill ghairbhéil atá suite in aibhneacha a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an bhfarraige. Tá an speiceas seo de bhradán an Aigéin Chiúin tar éis teacht chuig cuid de dhobharcheantair lochanna an iarthair agus daonraí a bhunú iontu. Cé go bhfuil an coilíniú seo ag céim luath, is ábhar imní an fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag an speiceas neamhdhúchasach seo ar dhaonraí áitiúla éisc. Gné thábhachtach dá mbainistíocht is ea tuairisciú gabhálacha bradán bándearg ag slatiascairí agus beidh poiblíocht maidir le ról na slatiascairí chun cabhrú lena mbainistiú ar siúl le linn shaolré an phlean seo. Tabharfar comhairle freisin do shlatiascairí an bradán bándearg a choinneáil seachas é a scaoileadh amach mar a mholtar do speicis eile bradán.	L. Corib, L. Con, L. Cuilin, L. Arbhach* (*Sainaitheanta san abhainn eis screabhaidh )
	<b>Liús (<i>Esox lucius</i>)</b>	Iasc mór fionnuisce creachóireach is ea liús atá nádúrtha i mórhíir na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Ghlaotar galléisc orthu a gceantair eagsúla na hÉireann, toisc nach nathnaítear iad in iarthar na tíre ach le gairid. Sceitheann siad i limistéir éadoimhne i measc fásra báite agus meastar gur thart ar 1,800 úicít in aghaidh an kg de mheáchan coirp é a mbisiúlacht. Tá an liús flúirseach i lochanna móra an iarthair ar fad ach, go dtí le déanaí, measadh iad mar speiceas a tugadh isteach ar fud oileán na hÉireann. Ní fios cad iad na teagmhais lenar bunaíodh iad sna dobharcheantair éagsúla san iarthar ach measadh gur tharla sé idir 200 agus 400 bliain bp. In 2013 léirigh staidéir ghéiniteacha in Éirinn go bhféadfadh an liús a bheith in Éirinn i bhfad níos faide ná mar a ceapadh roimhe seo. Molann an staidéar sin hipitéis coilínithe le haghaidh an liúis in uiscí na hÉireann, ina bhfuil dhá theagmhas bunaithe ar leith, ceann atá réasúnta déanach agus ceann atá i bhfad níos sine. Tugann fianaise eile le fios gur tugadh an liús isteach i lochanna an iarthair idir 200 agus 500 bliain ó shin agus, mar sin, meastar iad a bheith neamhdhúchasach sa réigiún. Is speiceas cairéil slatiascaireachta coitianta é an liús agus leantar lena dtabhairt isteach i limistéir nua, go háirithe i ndobharlaigh bheaga (<50Ha). Tá sé seo ar cheann de na bagairtí is suntasaí ar stoic éisc dhúchasacha i ndobharcheantair bheaga toisc nach maireann an liús agus an breac donn taobh le chéile i lochanna níos lú. Mar thoradh air sin, fágann a dtabhairt isteach in uiscí neamhcoilínithe roimhe seo go bhféadfadh salmainidí sna córais sin dul in éag murar féidir dianbhainistíocht agus baint an liúis a bhaint amach.	L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann

		Moltar sa phlean seo go gcuirfí deireadh le haon chosaint reachtach a thugtar don liús (e.g. Fodhlí 809) in uiscí ina raibh siad tugtha isteach le déanaí. Moltar ann freisin go n-imscarfaí foirne oifigeach IIÉ chun an liús a bhainistiú agus a bhaint go tapa, sa chás go n-aimsítear iad in uiscí neamhchoilínithe roimhe seo. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht seo freisin in uiscí atá sainithe go sonrach do shalmainidí.	
Speicis Neamhdhúchasacha a bhfuil bainistíocht de dhíth ina leith	<b>Péirse (<i>Perca fluviatilis</i>)</b>	Tá an péirse forleathan ar fud na hEorpa agus i dtuaisceart na hÁise, ag maireachtáil i lochanna ísealchríche, i locháin agus in aibhneacha a ritheann go mall. Tugadh isteach go hÉirinn iad, is dócha sna meánaoiseanna agus níos déanaí go dtí lochanna an iarthair go léir, áiteanna a bhfuil siad flúirseach anois. Is speiceas ráthaíochta iad agus cothaíonn siad go príomha ar inveirteabraigh uisceacha, ar zóplanctón agus ar éisc bheaga. Is iasc é an péirse atá thar a bheith bisiúil a sceitheann go luath sa samhradh agus péirse bhaineannach ag breith ribíní suas le 75,000 ubh i measc fásra báite. Mar gheall ar a n-iompar ceannasach agus ionsaitheach cothaithe, bíonn siad ina mbagairt do shalmainidí óga trí chreachóireacht dhíreach agus trí iomaíocht le haghaidh bia. Amhail an róiste, theip ar iarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun aon smacht bríoch a chur i bhfeidhm ar dhaonraí na péirse ar lochanna an iarthair, agus mar sin ní mholtar aon bhearta tiomnaithe um rialú stoic.	L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Sileann

Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Tuirisc & Roghanna Bainistíochta	Láithreacht
Speicis Neamhdhúchasacha a bhfuil bainistíocht de dhíth ina leith	<b>Bran</b> ( <i>Abramis brama</i> )	Is iasc ciprinideach é an bran atá le fáil i bhformhór na gcóras abhann agus na lochanna a bhfuil saibhreas cothaitheach iontu san Eoraip. Cothaíonn siad ar inveirteabraigh a fhaightear sna dríodair ar ghrinneall an locha nó na habhann agus uaireanta is féidir claiseanna éadoimhne a fheiceáil tar éis cothú na scoileanna bran. Is speiceas iad a fhásann go measartha mall agus a bhfuil saol fada acu, agus a bhfuil bisiúlacht íseal acu agus claonadh chun sceitheadh ach amháin nuair a bhíonn na coinníollacha séasúracha fabhrach. Taifeadh bran i ngach ceann de lochanna an iarthair agus meastar gur tugadh isteach iad le déanaí (<50 ybp). I bhformhór na lochanna, ní bhíonn an bran ionrach agus ní cheaptar go mbíonn tionchar mór aige ar speicis nó ar ghnáthóga dúchasacha. Mar sin féin, chonacthas damáiste suntasach gnáthóige le blianta beaga anuas agus tá bran á rialú anois ag oibríochtaí bainistíochta stoic IIÉ*.	L. Arbhach L. Corib, L. Measca* L. Con, L. Cuilin, L. Sileann (*Beidh bainistíoch specialta don speiceas seo ag teastail)
	<b>Plobán</b> ( <i>Squalius cephalus</i> )	Tá an plobán le fáil go forleathan ar fud na hEorpa, ach níl sé dúchasach d'Éirinn. Go deimhin, dheimhnigh an fhoireann iascaigh tuairiscí slatiascairí maidir le plobán a gabhadh ar an Eithne in 2005, agus in ainneoin feachtas díothaithe, deimhníodh arís in 2020 go raibh siad ann. Tá corp láidir ag an bplobán, le taobhanna daite práis, eité dorcha, ceann maol agus béal mór. Tá a scálaí mór go sainiúil le corra dorcha, agus is féidir iad a aithint freisin le heite an droma ar a ndroim agus eite anasach ar a mbolg, an dá cheann a bhfuil imeall cruinn dronnach acu. Iasc ráthaíochta is ea an plobán aosach agus is creachadóirí borrrtha iad a itheann beagnach aon chreach. Ar an ábhar sin, tá an plobán ina bhagairt ar speicis dhúchasacha trí iad a ithe, go háirithe éisc óga níos lú, nó trí bheith in iomaíocht leo le haghaidh bia. Is fearr leo maireachtáil in aibhneacha móra ísealchríche le sruth measartha uisce, ach faightear iad i bhfo-aibhneacha uaireanta nó i linnte níos doimhne in aibhneacha. Ní raibh aon taifead ar an bplobán ó cheann ar bith de lochanna an iarthair ach is cúis imní iad a láithreacht i bhfo-abhainn mhór de Loch Síleann. Leanfaidh IIÉ ar aghaidh le monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an bplobán chun an riosca atá acu do chaomhnú na speiceas iasc dúchasach a íoslaghdú.	L. Sileann (Abhainn an Inne amháin)

<p style="writing-mode: vertical-rl; transform: rotate(180deg);">Speicis Neamhdhúchasacha a bhfuil bainistíocht de dhíth ina leith</p>	<p><b>Róiste</b> <b>(<i>Rutilus rutilus</i>)</b></p>	<p>Is speiceas fíor-ionrach d’iasc ciprinide é an róiste, a fhaightear ar fud na hEorpa, sa chuid is mó den Áise agus, le déanaí, san Astráil. Is iasc an inoiriúnaithe é ar féidir leis maireachtáil i mbeagnach aon dogharlach fionnuisce agus is féidir leis leibhéal réasúnta ard truailithe a fhulaingt. Cothaíonn an róiste ar phlandaí éagsúla, ar inveirteabraigh bheantacha agus ar phlanctón, agus sceitheadh sé i measc fásra uisceach i mí na Bealtaine agus i mí Mheithimh. Is féidir le róiste baineach suas le 10,000 ubhán a tháirgeadh in aghaidh an tséasúir. Tá róiste i ngach ceann de lochanna an Iarthair anois agus tá siad thar a bheith iomadúla ar Loch Coirib Íochtair, Loch Con, Loch Cuilinn agus Loch Síleann. Is cosúil go bhfuil a ndaonraí ar 4 loch eile an Iarthair níos ísle agus tá sé tábhachtach tuiscint cheart a fháil ar na fachtóirí atá taobh thiar den dáileadh míchothrom seo. Tá athrú mór éiceolaíochta tar éis tarlú i gcuid mhór de lochanna na hÉireann mar gheall ar thabhairt isteach an róiste le 50 bliain anuas. Ní fios dátaí beachta maidir le bunú na stoc róiste i ngach ceann de na lochanna sainithe, ach léiríonn suirbhéanna leantacha le 30-40 bliain anuas gur tháinig siad isteach le déanaí (&lt;50 bliain bp) agus gur tháinig fás tapa ar a ndaonraí idir an dá linn.</p>	<p>L. Arbhach, L. Con, L. Cuillin, L. Ceara, L. Measca, L. Coirib, L. Síleann</p>
--	--	---	---

Stadus & Riachtanais Caomhnaithe	Speiceas	Tuairisc & Roghanna Bainistíochta	Láithreach
Speicis Neamhdhúchasacha nach bhfuil bainistíocht de dhíth ina leith	<b>Cúramán (<i>Tinca tinca</i>)</b>	Tá an cúramán dúchasach ar fud cuid mhór den Eoraip agus i dtuaisceart na hÁise, ach níl sé dúchasach d'Éirinn. Cé gur speiceas é a tugadh isteach, meastar an cúramán a bheith lách de thairbhe nach mbíonn aon tionchar suntasach acu ar speicis dhúchasacha ná ar éiceachórais. Meastar gur tugadh isteach go hÉirinn iad le linn na Meánaoise le coinneáil mar bhia i locháin éisc ag lonnaíochtaí manach, ach is minic a rinneadh iad a athdháileadh ar uiscí slatiascaireachta, rud a d'fhág scaipeadh fánach timpeall na tíre. Is iasc measartha láidir iad agus is féidir leo tréimhse ghearr a fhuilngt lasmuigh den uisce má choinnítear fliuch iad agus coinníollacha íseal-ocsaigine a fhuilngt freisin.	L. Corib, L. Con, L. Cuilin, L. Sileann
	<b>Ruán (<i>Scardinius erythrophthalmus</i>)</b>	Tá an ruán dúchasach ar fud an chuid is mó den Eoraip, ach níl sé dúchasach d'Éirinn. Cé gur speiceas é a tugadh isteach, meastar an ruán a bheith lách de thairbhe nach mbíonn aon tionchar suntasach acu ar speicis dhúchasacha ná ar éiceachórais. In Éirinn, rinneadh iad a athdháileadh le haghaidh slatiascaireachta, go minic chuig limistéir ina bhfuil lochanna níos lú iargúlta inar éirigh leo éalú ó thionchar an róiste: bíonn an ruán faoi bhláth in uiscí nach mbíonn an róiste iontu. Is fearr leo uiscí glana ina bhfuil go leor fásra uisceach agus maireann siad de ghnáth ar lochanna ísealchríche, i gcúluiscí aibhneacha agus canálacha, ina bhfoirmíonn siad scoileanna a chothaíonn ar inveirteabraigh, ar phlanctón agus ar fheithidí, go háirithe ar an dromchla. In Éirinn, is féidir leis an ruán idirphórú le speicis eile a bhfuil dlúthbhaint acu leo ón bhfine Cyprinidae d'éisc, agus cruthaíonn sé hibridí le bran agus, is lú ná sin leis an róiste.	L. Sileann, L. Con, L. Cuilin.
	<b>Hibridí Róiste/Bran/Ruán (<i>Rutilus rutilus</i>)</b>	Tarlaíonn hibridí de na trí iasc ciprinide atá le fáil in Éirinn go rialta ar fud a raoin. Is minic a bhíonn siad i líonta níos mó ná baill den speiceas bunaidh ónar hibridíodh iad. Tá straitéisí staire beatha an-chosúil acu lena ndaonraí tuismitheoirí agus meastar gur tugadh isteach iad go hindíreach chuig lochanna an iarthair. Is léir go mbeid bainistíocht ar leith ag teastáil don speicis seo ar Loch Measca ach go hairithe mar go bhfuil go leor fínise ann go mbeid siad ag cur isteach ar ghnáthóg chaomhnaithe speisialta ar an loch sin. Tá líon na hibridí ag dul i méid go suntasach le gairid agus is dóichí ná go mbeid bainistíocht riachtanach sna todhchaí chun bac a chur ar an dochar a dheanfaidh siad do ghnáthóg agus d'éisc dúchasacha.	L. Con, L. Cuillin, L. Sileann

## 4.0. Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

---

### 4.1. Uisce agus Pobail

Chun rath an phlean a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbíonn páirtithe leasmhara rannpháirteach, bíodh siad infheistithe go gairmiúil nó páirteach go poiblí, i saincheisteanna a bhaineann le dobharcheantair lochanna an iarthair. Tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh grúpaí geallsealbhóirí, cónaidhmeanna, clubanna agus comhlachais slatiascaireachta, pobail áitiúla, institiúidí acadúla, ENRanna comhshaoil agus gníomhaireachtaí rialtais le chéile chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Faoi réir acmhainní, forbróidh IIE creat trína gcuirfear i bhfeidhm sceideal sásraí comhairliúcháin agus aiseolais chun faisnéis a mhalartú agus chun rochtain a sholáthar do pháirtithe leasmhara ar fhoireann agus ar acmhainní, lena n-áirítear comhairle ar mhaoiniú do thionscadail chaomhnaithe.

Trasuíodh an Treoir Réime maidir le hUisce an Aontais Eorpaigh (WFD) i ndlí na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2003 (I.R. 722 de 2003) Ceanglaíonn sé ar Bhallstáit an Aontais cáilíocht uisce de ‘stádas maith’ ar a laghad a bhaint amach in aibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta. Is píosa reachtaíochta ceannródaíoch é an WFD toisc go sainordaíonn sé comhairliúchán poiblí agus go n-aithníonn sé an luach a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht. Tá sé bunaithe ar thorthaí agus teorainneacha ama freisin agus, i gcomhar le forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil ábhartha, is é an sásra is éifeachtaí é chun dea-cháilíocht éiceolaíochta a bhaint amach agus/nó a choinneáil ar bun i lochanna an iarthair.

### 4.2. Creat-treoir Uisce

In Éirinn cuirtear an WFD chun feidhme trí shraith beart a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí (RBMP). Déantar é sin trí struchtúr trí shraith ar a bhfuil 1) An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2) An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) 3) Comhlachtaí Forfheidhmithe ar nós IIE agus grúpaí páirtithe leasmhara eile.

Is iad struchtúir réigiúnacha na n-údarás áitiúil, le cúig Choiste Bainistíochta Uisce agus Comhshaoil, a stiúran seachadadh na mbeart tacaíochta ar an leibhéal áitiúil. Tugann Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) tacaíocht bhreise don obair sin. Déantar cathaoirleacht ar na cúig choiste réigiúnacha ar Leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh, le rannpháirtíocht ghníomhach agus comhairle theicniúil ó GCC. Faigheann gach coiste tacaíocht ó Choiste Oibriúcháin ar a bhfuil an bhallraíocht tarraingthe ó na comhlachtaí poiblí agus forfheidhmithe ábhartha ar fad, agus a bhfuil cathaoirleacht air ar leibhéal an Stiúrthóra Seirbhíse. Tá struchtúir na n-údarás áitiúil lárnach chun dul chun cinn agus éifeachtúlacht na mbeart atá curtha chun feidhme a rianú, agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le tacú le forbairt agus le cur chun feidhme an bheartais náisiúnta.

Feidhmíonn IIE ról suntasach cheana féin mar pháirtí leasmhar agus comhairleoir, agus tá sé i dteagmháil cheana féin le LAWPRO agus le gníomhaireachtaí eile trí na Coistí Oibriúcháin

Réigiúnacha. Féach tábla 4.1 (thíos). Soláthraíonn IIÉ freisin ionchuir sonraí riachtanacha chuig na RMBPanna agus tuarascálacha tréithrithe don WFD.

Údarás Poiblí	Feidhmeanna Ábhartha
Údaráis Áitiúla	Tá roinnt mhaith feidhmeanna ag údaráis áitiúla lena n-áirítear ceadúnú agus cosaint an chomhshaoil
Iascach Intíre Éireann	An Acmhainn Iascaigh Intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú
LAWPRO	Comhoibriú le páirtithe leasmhara chun saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht uisce a shainaithe agus aghaidh a thabhairt orthu.
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	Tá roinnt mhaith feidhmeanna ag an NPWS amhail: Caomhnú raon ionadaíoch éiceachóras a shlánú chun pobail flóra agus fána in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú.
GCC (Aonad dobharcheantar)	Tiomsaíonn agus léirmhíononn sonraí comhshaoil a bhaineann le dobharcheantair.
GCC (Oifig Réigiúnach)	Cuireann córais rialúcháin agus comhlíonta comhshaoil chun feidhme
Teagasc	Soláthraíonn taighde comhtháite, seirbhísí comhairleacha agus oiliúna don tionscal talmhaíochta agus bia agus pobail tuaithe.

Tábla 4.1: Feidhmeanna comhlachtaí éagsúla a bhaineann le cáilíocht uisce

### 4.3. Bainistiú Dobharcheantar

Éilíonn bainistíocht éifeachtach uisce orainn breathnú ar na brúnna ar ár n-acmhainní uisce ar scála iomchuí - mór a ndóthain gur féidir linn an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur san áireamh, ach beag a ndóthain chun a chinntiú gur féidir le daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar caidreamh éasca a bheith acu lena ndobharcheantar. Léiríonn taithí ó fud an domhain agus in Éirinn go bhfuil gá le cur chuige comhtháite maidir le dobharcheantair aonair a bhainistiú ar scála iomchuí chun acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú. Is éard is dobharcheantar ann ná limistéar ina mbailítear uisce ag an tírdhreach nádúrtha, agus ina sreabhann sé ón bhfoinse trí abhainn, lochanna agus screamhuisce go dtí an fharraige (ó: EPA/catchments.ie). I gcomhar leis an WFD, tá roinnt grúpaí pobalbhunaithe éifeachtacha tagtha chun cinn in áiteanna éagsúla ar fud na tíre, agus tá comhlachas seanbhunaithe atá bunaithe ar dhobharcheantar i gceann de lochanna an iarthair cheana féin, atá ag obair chun sláine éiceolaíoch Loch Ceara a fheabhsú. Is grúpa bunaithe ar dhobharcheantar é Comhlachas Dobharcheantair Loch Ceara a thug páirtithe leasmhara ábhartha le chéile chun aird a tharraingt ar na fadhbanna a fheidhmíonn tionchar ar na haibhneacha agus ar na lochanna ina bpobail. Feidhmíonn siad ar an mbonn go bhfuil feasacht an phobail mar bhunchloch de bhainistíocht éifeachtach dobharcheantair, agus baint ag an bpobal le bainistiú agus le cosaint acmhainní nádúrtha agus bunú bhraistint úinéireachta as a dtagann maoirseacht áitiúil ar na sócmhainní comhshaoil seo.



#### 4.4. Comhar Idirghníomhaireachta

Coinneoidh IIÉ uirthi ag obair le gníomhaireachtaí ábhartha eile, go háirithe le LAWPRO, agus rachaidh sé i dteagmháil le grúpaí dobharcheantair seanbhunaithe, le Cónaidhmeanna slatiascaireachta, le hiontaobhais agus le comhlachais aibhneacha chun cuidiú le dul chun cinn na gcomhspríocanna bainistíochta dobharcheantair. I gcásanna nach raibh grúpaí den sórt sin bunaithe go fóill, leanfaidh IIÉ ag glacadh páirte chun spreagadh a thabhairt do phobail áitiúla, páirtithe leasmhara agus údaráis ábhartha chun Grúpaí Bainistíochta Dobharcheantair áitiúla a chruthú do Lochanna an Iarthair. Rachaidh siad sin i dteagmháil le pobail go háirithe, le grúpaí feirmeoireachta chun cabhrú le feasacht a mhúscailt agus cúnaimh le cur chun feidhme na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna cáilíochta uisce agus gnáthóige. Déanfaidh IIÉ a dhícheall sásraí cumarsáide a fheabhsú le heagraíochtaí dobharcheantair agus le húdaráis ábhartha, agus ag an am céanna ag cur feabhais ar líonrú agus ar chaidreamh tuairiscithe ag leibhéal éagsúla laistigh de na heagraíochtaí.

Tá imní léirithe ag roinnt grúpaí páirtithe leasmhara maidir le sábháilteacht an phobail agus an cur isteach ar speicis agus gnáthóga íogaire ó bháid cumhachta agus PWCanna. Rachaidh IIÉ i gcomhairle le húdaráis áitiúla maidir leis na hábhair imní sin, agus féachfaidh sé le comhroinnt chothrom na n-acmhainní taitneamhachta a bhaint amach agus éiceachórais á gcosaint.



**Fíor 4.1.** Íomhá de Loch Carra ón aer a tógadh i mí Lúnasa 2021. Tá comharthaí luatha an strus éiceolaíochta léirithe ag an loch mar gheall ar eotrófú. Tá comhlachas gníomhach dobharcheantair bunaithe ag baill den phobal áitiúil atá ag leanúint le bearta le gníomhaireachtaí stáit eile chun tabhairt faoi seo.

## 5.0. Bainistiú Iascach agus Athrú Aeráide

---

### 5.1. Taighde Reatha

Tá tionchair dhóchúla an athraithe aeráide ar thírdhreach agus éiceachórais na hÉireann á mbreithniú agus á measúnú faoi láthair ag gníomhaireachtaí éagsúla, IIÉ san áireamh. Tá clár taighde spriocdhírthe faoi lánseol “an Clár Taighde um Maolú ar Athrú Aeráide” (CCMRP) chun easnamh suntasach eolais a bhaineann le speicis éisc na hÉireann agus tionchair an athraithe aeráide orthu a líonadh. Is é príomhchuspóir an chláir CCMRP clár measúnaithe fianaise-bhunaithe a thógáil chun tionchar an athraithe aeráide ar earnáil iascaigh intíre na hÉireann a mheas, agus é mar aidhm aige eolas a chur ar fáil agus acmhainneacht a fhothú maidir le bearta caomhnaithe agus cosanta iascach. Déanfar an obair trí shraith de phacáistí oibre, lena n-áirítear líonra fadtéarmach faireacháin a bhunú maidir le héisc, teocht an uisce agus athróa comhshaoil eile, trí mheasúnú leochaileachta speicis a dhéanamh, samhlacha dáileacháin speiceas a fhorbairt, straitéisí féideartha maolaithe/oiriúnaithe agus oideachas a mheasúnú. <https://www.fisheriesireland.ie/sites/default/files/2021-09/ccmrp-annual-report-2020.pdf>

### 5.2 Líonra faireacháin IIÉ um an athrú aeráide

Tá athruithe fadtéarmacha ar theocht an uisce agus ar athróa comhshaoil eile á dtomhas leis an tionscadal, chomh maith le faireachán fadtéarmach a dhéanamh ar phobail éisc i raon dobharcheantar.

Mar chuid den tionscadal cuireadh tús le líonra faireacháin náisiúnta ar theocht an uisce in 2019. Go dtí seo tá ionstraimíocht curtha in 12 dhobharcheantar innéacs (aibhneacha agus lochanna, áirítear dhá dhobharcheantar sa phlean seo (.i. an Mhuaidh (Con agus Cuilinn)) agus an Eithne (Síleann) (Barry *et al.*, 2022). Tá athróa comhshaoil agus sonraí meitéareolaíochta eile á mbailiú freisin i ndobharcheantair roghnaithe (Barry *et al.*, 2022). Imscaradh 328 logálaí sonraí teochta uisce, agus 58 logálaí sonraí Tw sna 12 dhobharcheantar innéacs (aibhneacha agus lochanna). Tá baoithe sonraí fíor-ama nuálacha suiteáilte in dhá loch, ceann acu sin is ea Loch Síleann, lena dtaifeadtar sonraí ar theocht an uisce, ocsaigin thuaslagtha agus clóraifill a. Chuaigh IIÉ i gcomhpháirt freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tabhairt faoi chuid den taighde sin.

### 5.3 Samhaltú líonra spásúil

Mar gheall ar dhul chun cinn in uirlisí mapála agus samhltaithe (m.sh. samhlacha líonra spásúil) is féidir na sonraí atá á mbailiú chun teocht an tsrutha agus athróa eile a bhaineann le saolré an éisc a shamhaltú agus limistéir a shainathint i ndobharcheantair atá i mbaol ó thionchair an athraithe aeráide.

Is leis na harduirlisí mapála líonra spásúil sin a dhéanfar teocht an tsrutha agus athróa eile a shamhaltú agus a shainathneofar na dobharlaigh is mó atá i mbaol ó thionchair an athraithe aeráide agus ar leibhéal náisiúnta (m.sh. Barry *et al.*, 2022; Kelly *et al.*, 2022)

Buntáistí an chláir CCMRP

- Soláthróidh sé tuiscint don IIÉ ar éagsúlacht spásúil i dteocht an uisce in aibhneacha agus i lochanna na hÉireann, agus cabhróidh sé le IIÉ treochtaí sa

todhchaí a thuar chun eolas a thabhairt do bhainistiú réamhghníomhach na hacmhainne iascaigh intíre.

- Leis an tionscadal ceadófar tosaíocht straitéiseach a thabhairt do bhearta caomhnaithe agus cosanta iascaigh (cláir mhaolaithe/oiriúnaithe).

#### 5.4. Athléimneacht a Thógáil

Is féidir le IIÉ cuidiú freisin le hathléimneacht aeráide a thógáil i ndobharcheantair agus i speicis trí dhíriú ar ghníomhartha dearfacha ó thaobh na haeráide de amhail criosanna maolánacha uisceacha a bhunú, sainaitheint na limistéar nádúrtha maolaithe tuilte, agus gníomhaíochtaí taighde leanúnacha lenar féidir torthaí dearfacha a bhaint amach maidir le cobhsaíocht gnáthóg. Táthar ag tuar go mbeidh teagmhais ar mhinicíocht níos mó ann de theaspaigh, triomaigh, titim mhór báistí agus gaotha móra in iarthar na hÉireann sna blianta amach romhainn. D'fhéadfaí a áireamh le tionchair dhóchúla ar dhobharcheantair triomach méadaithe (teochtaí arda a sháraíonn na teorainneacha teirmeacha atá ag roinnt speiceas éisc), minice agus déine mhéadaithe na dtuilte. Féadfaidh imeachtaí foircneacha den sórt sin (m.sh. stoirmeacha) ábhar ghrinneall na habhann a dhíchobhsú leis an dríodrú méadaithe agus rátaí méadaithe creimthe. Tá IIÉ ag saothrú leis ar an tionscadal um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus na bearta EREP atá comhthreomhar le chéile, agus le forbairt le haghaidh dobharcheantair dhraenáilte sna blianta amach romhainn.


Leanfaidh IIÉ ar aghaidh freisin le hoibríochtaí tarrthála bliantúla trína ndéantar éisc a tharrtháil ó linnte agus cainéil chúlaithe, agus a aistriú chuig dísert uisce níos doimhne in aice láimhe. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an riachtanas don obair tharrthála sin i ndálaí triomaigh sna blianta amach romhainn. Beidh gá le forairdeall breise agus foireann bhreise a imscaradh chun básmhaireacht éisc a íoslaghdú. Sna limistéir ina bhfuil stoic i mbaol méadaithe teasa, molfar gníomhaíocht slatiascaireachta a chur ar fionraí agus a fhorghníomhú le linn dálaí foircneacha triomaigh.

#### 5.5. Bainistiú Criosanna Inse

Chomh maith le tréimhsí níos fliche, go háirithe i míonna an gheimhridh, tá triomaigh samhraidh níos déine tuartha freisin. Le leibhéil ísle uisce an tsamhraidh agus meánteochtaí méadaithe, is dócha go mbeidh dálaí teirmeacha ar uiscí dromchla ardaithe os cionn na ngnáthleibhéal atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh codanna nocht a d'aibhneacha éirí ró-the do speicis éisc leochaileacha le linn na dtréimhsí triomaigh seo, rud a laghdódh na limistéir a d'fhéadfadh a bheith táirgiúil laistigh de dhobharcheantair. Cuireann criosanna maolánacha uisceacha le féarthailte measctha agus speicis crann dúchasacha éagsúlacht de bhuntáistí éiceolaíochta ar fáil do shruthchúrsaí agus cabhraíonn siad le hathléimneacht aeráide a thógáil sna dobharcheantair. Ina measc seo tá idircheapadh de rith dríodair agus cothaitheigh ó na tailte mórthimpeall, cosaint struchtúrach na mbruach agus na n-insí agus feabhsú na mbarrachas teochta trí scáthú éifeachtach. (Féach – <https://www.fisheriesireland.ie/sites/default/files/migrated/docman/ifish/IFISH%20River%20Restoration%20Guidance%20in%20an%20era%20of%20Climate%20Change.pdf> )

## 5.6. Coillearnacha Dúchasacha agus Cosaint Sruthchúrsaí

Ba cheart plandú crann a bhainistiú go cúramach chun tollánú ar chainéil abhann a sheachaint ach is rud é a sholáthróidh an scáthú optamach chun athshlánú gnáthóg atá oiriúnach do shalmainidí a éascú. Ní mór speicis phlandaí inse tábhachtacha eile a mheas freisin chun leibhéal arda bithéagsúlachta a cheadú i gcriosanna uisceacha agus idirchriosanna.



Moltar clár do chur crann inse mar chuid den phlean seo. Díreofar an clár seo ar limistéir ar dócha ina mbainfear an tairbhe is mó amach do speicis atá teocht-íogair, agus roghnófar ar bhonn samhlacha líonra spásúil arna gcruthú ag CCMRP agus gníomhaíochtaí taighde eile (e.g. faireachán WFD). Déanfaidh na samhlacha luacháil ar athróga amhail leithead an chainéil, treoshuíomh, am cónaithe agus méideanna sreafa, chomh maith le fachtóirí lóistíochta amhail maolú foriomlán ar riosca tuilte agus infhaighteacht talún, chun tosaíocht a thabhairt do shuíomhanna lena mbaineann an acmhainn is airde.

## 6.0. Cáilíocht an Uisce

### 6.1. Brúnna Reatha

Is í Cáilíocht Uisce an toisc is tábhachtaí a théann i bhfeidhm ar shláinte éiceolaíoch lochanna an iarthair agus na bpobal éisc dá dtugtar tacaíocht iontu. Tá sí tar éis a bheith ag laghdú i roinnt limistéar agus aibhneacha le tríocha bliain anuas cé gur sannadh rátáil ‘mhaith’ dóibh go léir, seachas ceann amháin (Loch Cuilinn), bunaithe ar na suirbhéanna stoic éisc is déanaí ón WFD (Tábla 6.1.). Mar sin féin, léiríonn imeacht an ruabhric Artaigh, blásanna algacha tréimhsiúla agus teip go leor de ghnáthóga larscríbhinn 1 agus larscríbhinn 2 atá bainteach le lochanna an iarthair a gcuipóirí caomhnaithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga a bhaint amach, nach bhfuil cáilíocht an uisce ar lochanna an iarthair agus ina ndobharcheantair mhóra i riocht inbhuanaithe san fhadtárma.

Tá athrú tagtha ar fhoinsí an truailithe leis na deiceanna blianta le poncfhoinsí, m.sh., gléasraí cóireála fuíolluisce agus foinse idirleata m.sh. dabhcha séarachais ina bhfadhbanna móra san am a chuaigh thart. Is gnách go mbíonn na brúnna sin ar eolas agus go dtagann siad faoi réir faireacháin agus measúnaithe riosca ar bhonn ginearálta ag an údarás poiblí ábhartha. Leanfaidh IIE ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis na húdaráis sin d’fhonn aird a tharraingt ar phoncfhoinsí ar Lochanna Móra an Iarthair agus ar thionchair dhiúltacha an truailithe.

Cé go n-eascaíonn roinnt brúnna cáilíochta uisce fós ó na foinsí sin, baineann an príomhábhar imní anois le caillteanas cothaitheach ó thailte talmhaíochta, leis an bhforaoiseacht ina brú níos suntasaí i gceantair ar bheagán talmhaíochta. Tá an hidreamoirfeolaíocht dhíghrádaithe, (.i. ó bhacainní nó damáiste fisiciúil déanta do shruthchúrsaí) ina brú suntasach freisin i ndobharcheantair lochanna an iarthair.

<https://www.corribbeo.ie> › [uaslódálacha Measúnú Dobharcheantar na Coiribe 2010-2015 \(HA 30\)](#)

Is minic go mbíonn an tionchar seo ina chúis le teip na ndobharlach dea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach faoi fhorálacha na Treorach Réime maidir le hUisce agus d’fhéadfadh sé fadhbanna cothaitheacha a mhéadú freisin. Tá limistéir shuntasacha de thalamh imeallach laistigh de dhobharcheantair lochanna an iarthair athghinte le húsáid i ngnóthais dhiantalmhaíochta agus mar gheall ar úsáid mhéadaithe leasacháin agus sciodar ar na tailte seo tá ionchuir iomarcacha Nítrigine agus Fosfair chuig go leor sruthchúrsaí. Is iad bradáin an grúpa éisc is íogaire do thruailliú agus mar sin is mó a mbíonn tionchar ag fadhbanna cáilíochta uisce agus hidreamoirfeolaíochta orthu.



## 6.2. Forfheidhmiú Timpeallachta

Tá sainchúram ar leith agus teoranta ag IIÉ maidir le cáilíocht an uisce a bhainistiú agus le forbheidhmiú na rialachán agus na ndlíthe lena rialaítear an paraiméadar comhshaoil ríthábhachtach sin (I.R. Uimh. 42/1999 - Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Truailiú Uisce) (Leasú), 1999). Tá creat láidir faireacháin ar cháilíocht an uisce ar fud an stáit bunaithe anois tríd an Treoir Réime maidir le hUisce. Tá foirne de speisialtóirí hidreolaíochta agus d'eolaithe dobharcheantair imscartha ag LAWPRO agus GCC faoi seach, atá ina ngníomhaireachtaí ceannais maidir le bainistiú cáilíochta uisce, chun faireachán leanúnach a sholáthar ar stádas éiceolaíoch, ar bhrúnna agus ar chonairí i ngach dobharlach. Oibríonn IIÉ i gcomhar leis na ngníomhaireachtaí sin chun beartas maidir le cáilíocht uisce a thomhas, a thuairisciú agus a fhorbairt, chomh maith le faireachán ar stoc éisc le haghaidh tuairisciú náisiúnta WFD.

## 6.3. Cur Chuige Ilghníomhaireachta

Tá sé mar thosaíocht ag IIÉ cosc a chur ar mheathlú agus feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i lochanna móra an iarthair, agus moltar é sin mar phríomhbheart i gcur chun feidhme an phlean seo. Moltar go láidir comhoibriú idirghníomhaireachta a fheabhsú trí chaidrimh tuairiscithe níos foirmiúla agus trí thuairisciú tras-chomhlíonta idir baill foirne ag gach leibhéal laistigh den IIÉ, GCC, LAWPRO, SPNF, Údarás Áitiúla agus DAFM. Tá eolas suntasach, fíor-ama ag oifigigh IIÉ freisin maidir le dálaí sruthchúrsaí ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart an t-eolas intuigthe sin a úsáid chun cabhrú le dobharcheantair atá cothaitheach-íogair agus réimsí gníomhaíochta a ainmniú. Leanfaidh IIÉ de bheith rannpháirteach freisin i bhforbairt léarscáileanna foinse brú a úsáidtear chun 46 sainphlean bainistíochta dobharcheantair a léiriú (féach - <https://www.gov.ie/ga/publication/f7c76-water-framework-directive/>)

## 6.4. Oifigigh Forfheidhmithe

Tá oifigigh IIÉ údaraithe faoi Acht Uisce na nÚdarás Áitiúil (Truailiú) 1977 (arna leasú) chun dlíthe sonracha a fhorfheidhmiú maidir le cosc a chur ar ábhar díobhálach ag dul isteach in uiscí agus dochar a dhéanamh d'éisc, dá sceitheanna óga agus dá ngnáthóga. Leanfaidh IIÉ de na hait ábhartha de na hAchtanna um Thruailiú Uisce agus lascaigh a fhorfheidhmiú go docht chomh fada lena gcumhachtaí. Mar sin féin, níl líon na nOifigeach Comhshaoil lascaigh atá fostaithe faoi láthair laistigh de dhobharcheantair lochanna móra an iarthair leordhóthanach chun gach cion a bhaineann le truailiú a bhrath agus a ionchúiseamh chomh fada agus is féidir. Moltar sa phlean seo méadú ar líon reatha na nOifigeach seo chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú cháilíocht an uisce, próiseáil agus trácht a dhéanamh ar líon méadaitheach na n-iarratas pleanála, iarratais foraoiseachta, scéimeanna bóithre, iarratais ar fheirmeacha gaoithe, ceadúnais doirte, etc.

## 6.5. Rialacháin maidir le Gnáthóga

Is minic a dhéantar damáiste do dhobharlaigh, do ghnáthóga riachtanacha agus d'éisc i ngan fhios d'údarás comhshaoil go dtí tráth tar éis an ghnímh dhíobhálaigh. I gcúinsí den sórt sin, ní minic go mbíonn cumhachtaí leordhóthanacha ag Oifigigh IIÉ chun caingne rathúla dlí a thabhairt i gcoinne ciontóirí. D'fhéadfadh reachtaíocht eile (e.g. Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le hÉin agus le Gnáthóga Nádúrtha 2011 (I.R. Uimh. 477) an chumhacht a thabhairt d'oifigigh an stáit ionchúiseamh a dhéanamh ar chiontóirí a dhéanann damáiste do ghnáthóga a bhaineann le suíomhanna Natura (LCSanna - Caomhnú & LCSanna - Cosaint), lena

n-áirítear dobharlaigh, fiú tar éis an damáiste a bheith déanta. Tá cumhachtaí acu freisin chun iallach a chur ar chiontóirí gnáthóg a bhfuil tionchar uirthi a athshuíomh agus pionóis airgeadais a ghearradh gan gá le caingne costasacha trí na cúirteanna. Moltar, mar chuid den phlean seo, dul i mbun próisis ina mbronnann na húdaráis chuí na cumhachtaí riachtanacha ar Oifigigh IIÉ chun na rialacháin seo a fhorfheidhmiú. Neartóidh sé seo an chosaint dhlíthiúil atá tugtha faoi láthair do láithreáin ainmnithe agus do na dobharlaigh atá nasctha leo.

Cód Dobharlaigh	Ainm Dobharlaigh	Cineál Dobharlaigh	Údaráis Áitiúil Dobharlaigh	Atriall	Stádas nó Poitéinseal Éiceolaíochta
IE_SH_26_709	Loch Síleann	Loch	Comhairle Contae an Chabháin	SW 2016-2021	Measarth a
IE_WE_30_347	Loch Ceara	Loch	Comhairle Contae Mhaigh Eo	SW 2016-2021	Maith
IE_WE_30_665a	Loch Measca	Loch	Comhairle Contae Mhaigh Eo	SW 2016-2021	Maith
IE_WE_30_665b	Measca Uachtarach	Loch	Comhairle Contae na Gaillimhe	SW 2016-2021	Ard
IE_WE_30_666a	Coirib Íochtarach	Loch	Comhairle Contae na Gaillimhe	SW 2016-2021	Maith
IE_WE_30_666b	Coirib Uachtarach	Loch	Comhairle Contae na Gaillimhe	SW 2016-2021	Maith
IE_WE_34_406a	Loch Cuilinn	Loch	Comhairle Contae Mhaigh Eo	SW 2016-2021	Measarth a
IE_WE_34_406b	Loch Con	Loch	Comhairle Contae Mhaigh Eo	SW 2016-2021	Maith
IE_WE_35_159	Loch Arbhach	Loch	Comhairle Contae Shligigh	SW 2016-2021	Maith

Tábla 6.1. Measúnuithe WFD le déanaí ar stádas éiceolaíoch ar lochanna an iarthair

## 7.0. Speicis Ionracha

---

### 7.1. Iarmhairtí

Sainmhínítear speicis Choimhthíocha Ionracha (SCI) mar phlandaí, ainmhithe nó fiú miocroorgánaigh núíosacha a tugadh isteach de thaisme nó d'aon ghnó lasmuigh dá raon geografach nádúrtha, rud a dhéanann damáiste suntasach d'éiceachórais, do gheilleagair agus do speicis dhúchasacha. Is minic a bhíonn a dtabhairt isteach ar éiceachórais nua do-aisiompaithe agus is bagairt shuntasach iad don bithéagsúlacht atá ann cheana féin. Tá roinnt SCI bunaithe ar lochanna an iarthair agus ar a ndobharcheantair, agus nuair is féidir, bainfear iad seo agus/nó déanfar iad a bhainistiú chun a dtionchar ar speicis dhúchasacha a íoslaghdú. Beidh seachaint tabhairt isteach breise SCI agus cosc ar leathadh na gceann atá ann cheana féin mar thosaíocht ag IIÉ.

Is é an cur chuige a ghlacfar i leith na faidhbe seo ar an gcéad dul síos, tacú le reachtaíocht fheabhsaithe a thabhairt isteach lena gcuimseofar pionóis shuntasacha as IAS a aistriú go toiliúil ó áit amháin go chéile, agus ar an dara dul síos, trí fheachtas feasachta poiblí chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le bithshlándáil agus forairdeall i ndáil le speicis ionracha uisceacha millteacha. D'fhéadfadh an reachtaíocht chéanna feabhas a chur ar chumhachtaí forfheidhmithe cáilíochta uisce IIÉ freisin (.i. IR. 477 – féach Roinn 6.5.), tá an poitéinseal aige freisin IAS millteach a áireamh mar speiceas sceidealaithe agus daoine aonair a ionchúiseamh a dhéanann a ngluaiseacht neamhúdaraithe nó a dtabhairt isteach chuig gnáthóga nua

### 7.2. Éisc

Tá 16 speiceas éisc le fáil i lochanna an iarthair faoi láthair, agus bíonn siad go léir ag idirghníomhú agus san iomaíocht go hidirspeiceasach le chéile má éiríonn acmhainní áirithe gann. Meastar go ginearálta go mbíonn tionchar diúltach ag cuid de na speicis éisc neamhdhúchasacha a tugadh isteach ar na speicis dhúchasacha amhail bradán, breac agus eascanna. Is cosúil go n-athraíonn leibhéal an tionchair ar éisc dhúchasacha ó loch go loch, ag brath, b'fhéidir, ar fhlúirsí coibhneasta na speiceas éagsúil, ar cháilíocht an uisce, ar mheath na ngnáthóg agus ar chreachóireacht.

Tá speicis éisc neamhdhúchasacha ionracha scaipte chuig dobharlaigh nua (m.sh liús ar lochanna Abhainn Ruibhe agus Pollán locha i ndobharcheantar Loch Síleann) agus tá siad faoi bhláth sa chuid is mó de na lochanna inar tugadh isteach iad. Tá an cumas ag na speicis seo dochar mór do-aisiompaithe a dhéanamh (do stoic éisc dhúchasacha agus dá ngnáthóga). Tháinig laghduithe móra ar fhospeicis uathúla agus ar dhaonraí faoi bhagairt agus tá cuid acu díofa go háitiúil fiú mar gheall ar na speicis neamhdhúchasacha ionracha sin a thabhairt isteach.

### 7.3. Plandaí Uisceacha Ionracha

Speiceas ionrach is ábhar imní don Aontas Eorpach (Rialachán AE 2016/1141) is ea an Líobhógach Afracach (*Lagarosiphon major*) a taifeadadh den chéad uair i Loch Coirib in 2005. Nochtadh taifid de *Crassula helmsii* sa Choirib timpeall na bliana 2010 freisin. Ó 2005 i leith,



déanann Iascach Intíre Éireann (IIÉ), le cúnamh ó roinnt gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, oibríochtaí rialaithe forleathana ar an loch ó cheann ceann na bliana. Déanann an fhoireann rialaithe meán-achar 12.3 heicteár a cóireáil go bliantúil, rud a lig do fhlóra agus d'fhána dúchasacha a athbhunú ag go leor suíomhanna ó 2014 i leith. Tá ról ríthábhachtach ag na cóireálacha seo maidir leis an loch a chosaint agus tuilleadh scaipthe a chosc.

Faoi láthair, tá an chuma ar an scéal go bhfuil na hiarrachtaí rialaithe bliantúla a dhéantar ar an loch ag coinneáil na n-inmhíoluithe ag leibhéil inláimhsithe agus cosc á chur ar scaipeadh an phlanda sin go dtí an loch íochtarach. Mar sin féin, tá limistéar an locha íochtaraigh i mbaol i gcónaí ó inmhíolú mar gheall ar bhealaí veicteora.



Fíor 7.1. Íomháineachas ón aer den Líobhógach Afracach i L. Coirib. Táthar á bhainistiú faoi láthair

D'fhorbair IIÉ teicnící suirbhéireachta agus mear-mheasúnaithe núíosacha chun faireachán agus mapáil a dhéanamh ar dháileadh *Lagarosiphon* ar Loch Coirib mar chuid dá dtuarascáil LARC (féach - [https://www.fisheriesireland.ie/sites/default/files/2021-06/lagarosiphon\\_report\\_2018\\_2019.pdf](https://www.fisheriesireland.ie/sites/default/files/2021-06/lagarosiphon_report_2018_2019.pdf).) Leanfaidh IIÉ le faireachán a dhéanamh ar scaipeadh na bhfiailí ionracha agus cuirfidh sé cóireáil ar phobail atá ann cheana féin chun tionchair thubaisteacha na fiaile sin ar bhithra dúchasach agus ar gheilleagar níos leithne an locha a sheachaint.

Go dtí seo, níor taifeadadh *Lagarosiphon* ach ar Loch Coirib ach d'fhéadfadh an daonra seo feidhmiú mar fhoinse dá scaipeadh go láithreacha eile. D'fhéadfaí é seo a éascú trí bháid, innill nó trealamh eile a bhogadh ó Loch Coirib chuig aon cheann de na lochanna ag úsáideoirí áineasa. Leanfaidh IIÉ de phrótacail bhithshlándála a fhorbairt agus a phoibliú chun an baol scaipthe a laghdú. Tá feasacht an phobail ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis na prótacail seo agus ba cheart saincheist an SCI a phlé le grúpaí páirtithe leasmhara ar gach deis.

#### 7.4. Bithshlándáil

Is í bithshlándáil cosc a chur ar oibreáin is cúis le galair nó ar speicis ionracha a théann isteach nó a fhágann aon áit inar féidir leo a bheith ina mbaol d'éiceachórais. Is furasta Speicis Choimhthíocha Ionracha a aistriú ó shruthchúrsa uisce amháin go sruthchúrsa uisce eile ó ghléas slatiascaireachta, báid/innill, fearas cosanta agus éadaí. Tá imní ag méadú freisin maidir le scaipeadh d'aon ghnó speiceas áirithe, go háirithe iasc, chuig uiscí nach raibh coilínithe roimhe seo. Tá impleachtaí éagsúla ag baint leis an dá cheann agus is deacair iad a leigheas agus a dhíothú – rud a athraíonn go mór limistéar a d'fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach amach anseo do ghníomhaíochtaí áineasa, amhail iascaireacht.

#### 7.5. Bearta

Chun a áirithiú nach n-aistrítear SCI agus pataiginí díobhálacha éisc isteach inár sruthchúrsaí, déanfar feachtas feasachta ilbhliantúil a cheapadh, a fhorghníomhú, a thomhas agus a mheasúnú. Is é sprioc an fheachtas feasachta seo ná:

- Feasacht ar SCI a mhéadú
- Air a tharraingt ar an dochar a dhéanann siad
- A léiriú conas scaipeadh nó éilliú a chosc
- Tuairisciú go bhfacthas iad a spreagadh

Is iad seo a leanas na príomh-spriocghrúpaí don fheachtas seo:

- Slatiascairí, clubanna slatiascaireachta, cónaidhmeanna agus comhlachais
- An trádáil slatiascaireachta (amhail cuideachtaí fruilithe bád, soláthraithe cóiríochta, díoltóirí ceadanna agus soláthraithe trealaimh slatiascaireachta)
- Grúpaí Bainistíochta Dobharcheantar Áitiúil
- Pobal áitiúil feirmeoireachta
- Meáin áitiúla

Áireofar iad seo a leanas sna spriocghrúpaí tánaisteacha:

- Grúpaí pobail agus comhshaoil, a chónaíonn/atá lonnaithe thart ar lochanna agus ar dhobharcheantair
- Ionadaithe polaitiúla agus oifigigh thofa
- Comhlachtaí agus oibreoirí turasóireachta
- Údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha
- An pobal i gcoitinne a chónaíonn timpeall ar lochanna agus ar dobharcheantair

Táthar ag súil go mbeidh na bearta seo a leanas i gceist leis an bplean seo:

- Forbairt litríochta poiblíochta (cóip chrua agus cóip leictreonach) le scaipeadh agus le dáileadh ar spriocghrúpaí bunscoile agus meánscoile. D'fhéadfadh IIÉ, an tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta nó na comhlachtaí ábhartha eile a bheith mar fhoinsé na faisnéise sin.
- Fógraí spriocdhírithé a chur in asraonta meán áitiúil (amhail stáisiúin raidió áitiúla, nuachtáin áitiúla agus láithreáin ghréasáin atá dírithe ar phobail áitiúla timpeall ar dhobharcheantair).
- Fógraí spriocdhírithé a chur ar ardáin na meán sóisialta, ag baint úsáide as gnéithe spriocghrúpa amhail suíomh agus spéiseanna

- Sindeacáitiú preaseisiúintí rialta do na meáin áitiúla/réigiúnacha agus agallaimh agus deiseanna na meán a chur ar bun d’urlabhraithe cúí
- Foilsiú post rialta thar chainéil agus ardáin faoi úinéireacht

Déanfar plean mionsonraithe a imlíníonn amlínte, teachtaireachtaí, Príomhtháscairí Feidhmíochta, bearta a úsáidfeadh agus buiséad gaolmhar don fheachtas feasachta seo a fhorbairt agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil, chun tionchar agus torthaí a bharrfheabhsú.

Leanfaidh foireann uile IIÉ gnáthamh bithshlándála roimh gach cuairt ar dhobharlach agus ina diaidh, rud a thaispeánann dea-chleachtas do shliathascairí agus d’úsáideoirí áineasa eile a thugann cuairt tráthrialta ar áiteanna nádúrtha dá leithéid.

Tá sé beartaithe ag IIÉ freisin na dlíthe atá ann cheana a fheabhsú agus pionóis a mhéadú maidir le haistriú éisc bheo, agus leanúint ar aghaidh ag obair le hoifigigh chustaim chun cosc a chur ar speicis nua dul isteach san oileán.

## 8.0. Bainistiú Stoic

---

### 8.1. Rialú Speiceas

Is éard atá i gceist le bainistíocht stoic ná ionramháil ar dhaonraí éisc trí dheireadh a chur le príomhghrúpaí a bhfuil tionchar acu ar speicis tosaíochta eile. I gcás Lochanna an Iarthair, ciallaíonn a n-ainmniú agus a mbainistiú mar iascaigh salmainidí go bhféadfadh go mbeadh gá le bainistiú ar speicis neamhdhúchasacha eile nuair a thagann fianaise chun cinn maidir le tionchar éiceolaíoch dóchúil. Léirítear pleananna bainistíochta stoic le haghaidh gach locha ar bhonn bliantúil, agus beidh siad sin faoi réir an Phróisis Measúnaithe Chúí. Bainfeadh úsáid astu chun líon speiceas áirithe éisc a rialú nuair a léiríonn an bonn fianaise go bhfuil tionchar acu ar shalmainidí agus ar a ngnáthóga.

### 8.2. Modheolaíochtaí Bainistíochta

Beidh líontóireacht geolbhaigh agus/nó leictre-iascaireacht i gceist le cláir bhainistíochta stoic agus beidh siad ar siúl i gcomhthráth le taighde leanúnach agus le samhltú de dhaonraí éisc. Déanfar iad a mhodhnú, le himeacht ama, ag baint úsáid as creat bainistíochta oiriúnaitheach – ag foghlaim ó ghníomhaíochtaí bainistíochta agus ag oiriúnú chun athruithe inár n-eolas ar dhinimic idirghníomhaíochtaí stoic éisc agus freagairt na speiceas tosaíochta a chur san áireamh. D’fhéadfaí, i gcásanna áirithe, na héisc a bhailítear le linn na n-oibríochtaí sin a athstocáil i lochanna garbhéisc (i gcás inar féidir) nó iad a úsáid chun rannchur le cláir thaighde amach anseo (e.g. bithmhéadracht, aois, agus iompraíocht beathaithe), lena bhforbrófar a thuilleadh, ar a sheal féin, samhlaacha pobail atá deartha chun bonn eolais a chur faoi roghanna bainistíochta amach anseo.

### 8.3. Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibríocháin (SOPanna) agus Beartais

Tá SOPanna dréachtaithe maidir le gach oibríocht bainistíochta stoic agus déanfar iad seo, chomh maith le beartais do speicis éagsúla, a nuashonrú thar na blianta atá amach romhainn de réir mar a fhorbróidh ár dtuiscint ar idirghníomhaíochtaí daonra éisc. Déanfar athscrúdú freisin ar dhiúscairt éisc, a luaithe is a bhaintear iad as uiscí ainmnithe chun a mheas an féidir iad a chur ar fáil lena dtomhailt nó lena n-aistriú chuig iascaigh eile.


### 8.4. Róiste & Péirse

I lochanna an iarthair, feictear luaineacht mhór ar líon na n-iasc ionrach amhail an róiste, agus an péirse i roinnt cásanna, mar fhreagairt ar athróa comhshaoil. Níor éirigh le hiarrachtaí roimhe seo chun líon róiste agus péirse a rialú i ndobharlaigh mhóra na hÉireann, mar sin seachas baint theagmhasach na n-eiseamal a gabhadh le linn oibríochtaí bainistíochta liús, níl aon chlár bainistíochta stoic-shainiúil beartaithe do róiste agus péirse sa phlean seo. Mar sin féin, nuair a thagtar ar na speicis sin i rith na gclár atá deartha do bhaint speiceas eile (m.sh. an Liús nó an Bran), d'fhéadfadh na foirne bainistíochta stoic a choinneáil ar mhaithe leis an taighde.

Ní fios an mbíonn tionchar suntasach ag láithreach an liúis, príomhchreachadóir an róiste, ar a líonta, óir chonacthas an dá speiceas i láthair i líonta móra ar roinnt lochanna (m.sh. L. Cuilinn) agus déanfar imscrúdú ar an bhfadhb sin freisin mar chuid de chlár samhaltaithe na bpobal éisc (féach cuid 10).

Is eol go mbíonn róiste faoi bhláth i lochanna ina bhfuil cáilíocht an uisce lag nó ag dul in olcas. Mar gheall ar fheabhsuithe ar stádas éiceolaíoch Loch Síleann idir 2008 agus 2021, tháinig laghdú suntasach ar phobail róiste, cé gur cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar na líonta an athuir le blianta beaga anuas. Breathnófar mar sin ar an gcomhiarracht chun cáilíocht an uisce a fheabhsú (Féach cuid 6) mar straitéis bhainistíochta indíreach chun líon róiste a laghdú i lochanna an iarthair.

Cé nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag aon athruithe ar shaothrú slatiascaireachta róiste i lochanna an iarthair maidir le líonta, moltar an chosaint a thugtar dóibh faoi fhodhlí 806 (Caomhnú agus Toirmeasc ar Dhíol Éisc Gharbh, Fodhlí 806 2006) a bhaint sna dobharcheantair seo mar bheart breise chun cabhrú le laghdú éigin a dhéanamh ar líonta má thugann an fhianaise le fios go rachaidh sé seo chun tairbhe don bhreac donn fiáin.



**Fíor 8.1. Tógtha as Faireachán Faireachais WFD ar Stoic Éisc – Loch Con 2016. – Léiríonn an graf seo forlámhas reatha Róiste agus Péirse atá coitianta ar Lochanna an Iarthair.**

#### 8.5. Liús

Glactar leis gur tugadh liús isteach i lochanna an iarthair, cé nach eol go cinnte an tráth cruinn maidir le bunadh na ndaonraí sin. Léiríodh sna staidéir ghéiniteacha a rinneadh in 2013 go mb'fhéidir gur tharla 2 thonn de choilíniú an liúis in Éirinn, ceann amháin le déanaí (300 – 400 bliain ó shin) agus ceann i bhfad níos sine (b'fhéidir chomh fada siar le 2,000 bliain ó shin). Mar sin féin, léiríonn tromlach na fianaise atá ar fáil, (m.sh. cartlann ARÉ agus patrúin dáileacháin reatha) agus easpa iarsmaí liúis ó shuíomhanna seandálaíochta, gur dócha go raibh an liús anaithnid i gConnachta go dtí am éigin sa seachtú haois déag. Seans go raibh siad i Loch Síleann roimh an dáta toimhdithe seo, ach níl sé soiléir cathain a tharla an teagmhas bunaithe don dobharlach seo.

Léiríonn suirbhéanna agus breathnóireacht a rinneadh thar 40 bliain ar lochanna an iarthair go gcreachann an liús ar shalmainidí, go háirithe ag amanna den bhliain nuair a bhíonn bric óga agus bradáin óga ag aistriú ó chraobh-aibhneacha go dtí na dobharlaigh níos mó (NPWS 2007, Kennedy et al. 2018). Mar sin féin, tugadh le fios sna staidéir le déanaí go bhféadfadh an liús a iompraíocht bheathaithe a athrú mar fhreagra ar mhéaduithe ar phobail ciprinidí i roinnt lochanna (McLoone et al 2018). Ní mór tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an athrú sin chun freagraí a sholáthar ar roinnt príomhcheisteanna. Mar shampla, cén leibhéal creachóireachta ó liús ar shalmainidí a tharlaíonn i ngach ceann de lochanna an iarthair agus cén tionchar a bheadh ag flúirse róiste air seo? An gcreachann liús níos mó de rogha ar shalmainidí? An mbíonn tionchar suntasach ag creachóireacht liúis ar fhlúirse róiste? Conas a théann flúirse róiste i bhfeidhm ar shalmainidí?



Tá bainistíocht na stoc liús ar siúl le breis agus 50 bliain ar lochanna an iarthair. Breathnaíodh air seo i gcónaí mar uirlis thábhachtach bhainistíochta do chaomhnú na salmainidí. Léiríodh le taighde ag IIE agus AFBINI ar Loch Éirne go gcreidtear go bhfuil iontráil locha ina scrogall creachóireachta liús do shalmainidí i gcórais nádúrtha, rud a thugann le tuiscint freisin go mb'fhéidir go mbeadh bainistiú spriocdhírthe stoic níos tairbhí. Tá sé beartaithe go leanfar leis na cláir bhainistíochta seo ach d'fhéadfadh go mbeidís faoi réir mionathraithe de réir mar a chuirtear feabhas ar ár dtuiscint ar idirghníomhaíocht speiceas trí shampláil agus trí shamhaltú daonra. Tríd an bpróiseas seo, forbrófar sraith "cleas" bainistíochta, agus cuirfear iad seo i bhfeidhm ag céimeanna éagsúla ar na lochanna éagsúla, chun próisis bhainistíochta stoic níos éifeachtaí a thabhairt i gcrích. Ba cheart go ndéanaí machnamh freisin ar athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFodhlí Uimh. 809, 2006 maidir le Caomhnú an Liús, ina dtugtar cosaint dhlíthiúil don liús a mhéid a bhaineann lena saothrú ag slatiascairí. D'fhéadfadh sé sin a bheith míchuí ar lochanna atá á mbainistiú go sonrach le haghaidh salmainidí nó inar tugadh isteach an liús le déanaí.

#### 8.6. Bran

Bhí bran i láthair i líonta beaga ar fhormhór lochanna an iarthair agus is speiceas neamhdhúchasach iad ar féidir leo a bheith ionrach i gcúinsí áirithe, agus uaireanta bíonn tionchar acu ar éisc dhúchasacha nó ar a n-éiceachórais.

Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an líon bran ar Loch Measca, agus tá imní ag dul i méid go bhfuil siad ag déanamh damáiste do leapacha carafíte agus do na bailiúcháin speiceas casta a dtacaíonn siad leo. Tá fianaise ar an damáiste seo tugtha faoi deara le roinnt blianta anuas agus in 2021 bhain oifigigh IIE an bran ar bhonn trialach ó na ceantair is mó a raibh an damáiste seo le feiceáil iontu.

Is cosúil go bhfuil gnáthóga ag téarnamh go tapa i gceantair ónar baineadh bran, agus is dócha gur féidir na hoibríochtaí seo a laghdú sna blianta atá le teacht nuair a bheidh líonta inbhuanaithe bainte amach. Mar sin féin, déanfar measúnú ar an ngá atá le bearta bainistíochta athfhillteacha trí úsáid a bhaint as próiseas bainistíochta oiriúnaitheach. Leanfaidh oifigigh d'fhaireachán a dhéanamh ar dhamáiste a dhéanann bran agus, faoi réir anailíse tríd an bpróiseas measúnaithe cuí, féadfaidh siad tuilleadh bainistíochta a dhéanamh sna limistéir lena mbaineann chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint. Déanfar staidéir chun docharlaigh eile a shainaithint ina bhféadfadh stoic bran a bheith ídithe agus inar féidir iasc Loch Measca a aistriú lena bhforlíonadhsan, i gcás inar cuí.

### 8.7. Bradán Bándearg

Tá an speiceas seo de bhradán an Aigéin Chiúin tar éis teacht chuig roinnt de dhobharcheantair lochanna an iarthair agus pobail a bhunú iontu. Cé go bhfuil tús curtha leis an gcoilíniú sin, tá sé ag céim luath dá fhorbairt. Is ábhar imní an fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag an speiceas neamhdhúchasach sin ar phobail áitiúla éisc. Fágann imthosca i ndobharcheantair íochtair aon loch an iarthair ina bhfuil coilíniú ag bradán bándearg indéanta (i.e. Loch Con, Loch Arbhach, Loch Coirib) go bhféadfaí na speicis ionracha imirceacha seo a idircheapadh gan tionchar míchuí ar speicis imirceacha dúchasacha. Má thugtar faoi deara go bhfuil bradán bándearg ag dul ar imirce isteach sna córais seo, ba cheart machnamh a dhéanamh ar thús a chur le clár bainte trí idircheapadh.

### 8.8 Pollán locha

Taifeadh pollán locha in abhainn na hEithne i gCo. Longfoirt in 2010 agus ceaptar gur shlatiascairí ar cuairt a thug isteach iad. Is cúis imní é teacht na bPollán locha go hÉirinn, go háirithe do na salmainidí, óir ceaptar go mbíonn siad ag creachadh na speiceas sin agus in iomaíocht leo. Chuir IIÉ tús láithreach le clár bainte agus cé gur chosúil gur éirigh leis an gclár sin ar dtús, léirigh brath ina dhiaidh sin in 2018 gur fhan roinnt iasc ann, agus gur dócha go ndearna siad atáirgeadh ina dhiaidh sin. Níl taifead déanta ar phollán locha i Loch Síleann ná in aon dobharcheantar eile de lochanna an Iarthair ag an tráth seo, ach déanfar faireachán géar ar leathadh na stoc reatha ar an Eithne chun luathrabhaidh a sholáthar.

## 9.0. Bainistiú Gnáthóg

---

Tá hidreamoirfeolaíocht ar cheann de na brúnna is suntasaí a théann i bhfeidhm faoi láthair ar shláine na n-éiceachóras uisceach i ndobharcheantair Lochanna Móra an Iarthair. In go leor cásanna tá gnáthóg abhann na cainéil isteach agus amach athraithe go suntasach agus curtha i gcontúirt ó thaobh struchtúir de leis an draenáil artaireach. Déantar an brú sin níos measa mar gheall ar chleachtais leanúnacha cothabhála/bainistíochta cainéal. I gcásanna áirithe, tá fairsinge agus bataiméadracht na lochanna féin athraithe ag na cláir dhraenála sin. Leanfaidh IIE ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar an bhfadhb sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a mhéid atá na dobharlaigh ábhartha imithe óna staid nádúrtha, mar leathnú ar an gclár athchóirithe gnáthóg reatha chun aghaidh a thabhairt ar an damáiste sin, agus ag iarraidh cláir draenála amach anseo a athshamlú ionas go mbeidh a bpríomhfhócas bunaithe ar réitigh dúlra-bhunaithe, faoiseamh tuilte (uirbeach) riachtanach agus oibreacha athchóirithe.

### 9.1. Suirbhéanna ar Dhobharcheantair

Tá suirbhéanna gnáthóige ar siúl a aithníonn éiceachórais atá ag feidhmiú agus a bhfuil tionchar orthu, go príomha sna haibhneacha craobh-abhann a théann chuig lochanna an iarthair. Tá tacar sonraí suntasach de dháileadh stoic éisc, saintréithe gnáthóige agus bacainní féideartha bunaithe freisin. Ag baint úsáide as na foinsí sonraí seo, mar aon le tomhais agus breathnuithe ar an talamh, tá pleananna aonair chun gnáthóg damáiste nó fo-optamach a athchóiriú i gcodanna de chainéil abhann á dtáirgeadh go leanúnach ag Oifig Tionscadail IIE.

### 9.2. Bunachar Sonraí Gnáthóg

Leanfar le suirbhéireacht a dhéanamh ar chainéil agus ar a ngnáthóga i ngach ceann de dhobharcheantair lochanna an iarthair chun cur le bunachair sonraí reatha de thréithe fisiceacha agus éiceolaíochta. As sin, cuirfear le liosta tosaíochta de láithreáin ionchasacha, gach bliain, de réir mar a chuirtear oibreacha i gcrích ar láithreáin atá liostaithe cheana féin. Tabharfar tosaíocht do shuíomhanna ina bhfuil cáilíocht uisce leormhaith chun tacú le pobail féinchothabhála salmainidí.

### 9.3. Cainéil Draenálte go hArtaireach

I ndobharcheantair inar tugadh faoi scéimeanna draenála artairigh, leanfaidh IIE ag tacú le cosaint sruthchúrsaí, chun ligean dóibh téarnamh go nádúrtha i gcás ar bith inar féidir. I gcásanna ina dteastaíonn idirghabháil fhisiciúil chun athchóiriú a dhéanamh, oibreoidh IIE leis an údarás náisiúnta draenála agus cosanta tuilte - Oifig na nOibreacha Poiblí chun obair forbartha gnáthóg a dhéanamh. Dhearbhaigh OOP go bhfuil sé ar intinn acu leanúint ar aghaidh lena rannpháirtíocht ar na tionscadail sin trí shaineolas innealtóireachta, innealra agus, i gcásanna áirithe, ábhair a sholáthar le haghaidh oibreacha athchóirithe gnáthóg abhann.

### 9.4. Gnáthóg Damáiste a Athchóiriú

Leanfaidh IIE ag díriú ar chainéil a leasaíodh i gcleachtais draenála roimhe seo agus an aidhm ann gnáthóga a ndearna gníomhaíochtaí antrapaigineacha damáiste dóibh a athchóiriú. Is é an tomhas bunúsach a bheidh ann fós i ndáil leis an ngá atá le hobair forbartha gnáthóg a dhéanamh ná an méid a d'imigh cainéal abhann óna staid nádúrtha. I gcásanna nach dtagann



cainéil ina bhfuil suíomhanna inar gá gnáthóg a athchóiriú trí idirghabháil fhisiciúil, nach dtagann faoi shainchúram draenála OOP, ceapfaidh IIÉ conraitheoirí chun na hoibreacha gnáthóige sin a dhéanamh faoi mhairseacht na foirne RBD.



Fíor 9.1. Is cuidiú iad na déanmhais, amhail na sraonairí péireáilte a thaispeántar anseo, le sreafaí a athrú agus dálaí hidreolaíocha níos éagsúla a chruthú in aibhneacha atá draenáilte go hartaireach. Déanann sé seo cainéil mhodhnaithe a nádúrú chun bithéagsúlacht agus dálaí le haghaidh na salmainidí a fheabhsú. Déanfar fálú agus plandú straitéiseach crann ag go leor suíomhanna mar sin freisin chun feabhas breise a chur ar théarnamh sruthchúrsaí go dtí rud éigin níos gaire dá staid nádúrtha

Déanfaidh IIÉ oibreacha athchóirithe gnáthóige a ar shraith suíomhanna i ngach dobharcheantar gach bliain. Tabharfar aghaidh ar mheasúnuithe cuí, ar iarratais ar chead pleanála, ar cheaduithe úinéirí talún agus ar iarratais ar údaruithe ábhartha eile. Is é an cuspóir a bheidh ann ná an próiseas maidir le haithint láithreáin, pleanáil tionscadail, éadail na n-údaruithe ábhartha go léir a shruthlíniú go dtí forghníomhú an tionscadail ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir agus cloí ag an am céanna leis na rialacháin ábhartha comhshaoil agus pleanála. Tacóidh IIÉ freisin le cosaint agus athchóiriú na mbogach atá ann cheana.

#### 9.5. Bacainní

Ar fud dhobharcheantair lochanna an iarthair, sainaitníodh bacainní ar chainéil insreafa agus eis-sreafa. Tá tús curtha ag IIÉ le hanailís ar na struchtúir shaorga seo amhail coraí, droichid agus lintéir chun déine gach struchtúir a rangú maidir le nascacht éiceolaíoch agus bealach éisc. Tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach maidir le pleananna athchóirithe gnáthóg a chur le chéile mar go bhfuil an srian ar rochtain d'éisc ar ghnáthóga ríthábhachtacha sceathraí agus iasclainne ina fhachtóir cinntitheach i gcur chun cinn agus i mbeartú tosaíochta do na pleananna aonair.

Tá sainaitheant na mbacainní de dhéantús an duine mar chuid de chlár uile-Eorpach (AMBER) inar leagadh béim ar bhacainní móra i gcuid de na cainéil i ndobharcheantair lochanna an iarthair. Tá clár maolaithe bacainní faoi lánseol anois a oirfidh don cheann seo, chun a áirithiú go ndéantar an oiread bacainní agus is féidir inrochtana d'imirce éisc ar an mbealach is éifeachtúla thar shaolré Phlean Lochanna an Iarthair.

Soláthraíonn an chuid is mó de chraobh-aibhneacha Lochanna Mór an Iarthair gnáthóg sceathraí agus iasclainne fíor-riachtanacha do shalmainidí. Caithfidh na cainéil seo rochtain gan bhac a sholáthar d'iasc go dtí na lochanna agus uathu. Beidh aon tionscadal nó plean a d'fhéadfadh bac a chur ar leanúnachas éiceolaíoch nó ar atreorú/asbhaint sreafaí abhann, faoi réir dianscrúdú ag IIÉ. Leagfar béim ar chothabháil a struchtúir agus a bhfeidhme mar limistéir pórúcháin salmainidí in aon aighneacht a chuirfear faoi bhráid údaráis cheadúnúcháin agus phleanála agus iad ag trácht ar iarratais ar dhéanamhais sna cainéil sin nó in aice leo.

Leanfaidh IIÉ ag forbairt beartas i ndáil le scéimeanna beaga hidrileictreacha agus tá siad rannpháirteach faoi láthair, mar chomhairlithe reachtúla, i bhforbairt na reachtaíochta san earnáil sin. Leanfaimid ar aghaidh ag cosaint leasanna na speiceas éisc fionnuisce agus a ngnáthóg tríd an bpróiseas sin.



**Fíor. 9.2.a & b Ligeann cosaint sruthchúrsaí do chainéil flóra bruachánach a athbhunú agus teacht chucu féin go nádúrtha ón damáiste a dhéantar le draenáil**

## 10. Taighde, Faisnéis Reatha agus Bearnaí san Eolas

---

### 10.1. Suirbhéanna ar Stoc Éisc (lochanna agus aibhneacha)

Rinneadh suirbhéanna tréimhsiúla ar stoic éisc ar lochanna an iarthair go léir le 40 bliain anuas agus bunaíodh banc substaintiúil sonraí maidir leis na speicis éisc atá ann, a líonmhaireacht choibhneasta agus a struchtúir daonra. Mar sin féin, tá a ndaonraí thar a bheith dinimiciúil agus bíonn tionchar ag go leor fachtóirí fisiceacha agus comhshaoil ar a líonta agus rialaíonn siad idirghníomhaíochtaí idirspeicis. Leanfar le suirbhéanna ar na lochanna seo ar bhonn tríbhlantúil mar chuid de chlár suirbhéireachta seanbhunaithe. Déanfar na suirbhéanna sin ar roinnt craobh-aibhneacha freisin laistigh de dhobharcheantair lochanna an iarthair.

### 10.2. Samhaltú Daonra

Tá réamhleagan forbartha ag IIÉ de shamhail mhatamaiticiúil próiseas-bhunaithe de dhinimic pobail don bhreac donn agus do speiceas creachadóra. Tá sé beartaithe go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar shamhlacha den chineál sin go ndéanfar é a mhacasamhlú ar lochanna eile d'fhonn bonn eolais a chur faoi chinntí amach seo agus torthaí dóchúla ó straitéisí bainistíochta éagsúla a thuar. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag creachóireacht an liús ar speicis eile, go háirithe an breac donn agus an róiste, agus tá fócas reatha an tsamhaltaithe pobail, mar sin, dírithe go príomha ar na speicis sin. Tugann staidéir a rinne IIÉ roimhe seo le fios go bhféadfadh réim bia na liús a athrú de réir mar a éiríonn iasc ciprinid eile níos flúirsí. Mar sin d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann do bhainistiú liús maidir le róiste, cé nach dtuigtear go hiomlán an gaol idir líon na liús agus flúirse róiste. Tá an cheist ann fós freisin cé acu a bheadh nó nach mbeadh flúirse mhéadaithe ciprinidí nó *percidae* ann mar thoradh ar rátaí arda bainte liús. Níl sé soiléir ach an oiread an mbíonn tionchar suntasach ag ard-dlús róiste ar shalmainidí.

Beidh gá le bonn fianaise a chur ar bun agus a anailísiú i bhfianaise na féidearthachta go ndéanfadh an bran díobháil d'éiceachórais locha agus go rachaidís i bhfeidhm ar stoic salmainidí. Féadfar an speiceas seo a áireamh freisin i gcásanna samhaltaithe amach anseo

### 10.3 Modheolaíochtaí Malartacha agus Eolaíocht Saoránach

Moltar cláir thaighde eile amhail forbairt d'uirlis measúnaithe aip-bhunaithe samplóra iasc, ag baint úsáide as sonraí suirbhé iasc caighdeánaithe, (e.g. an Chreat-Treoir Uisce (WFD) CEN Gillnets) chun cur lenár dtuiscint reatha ar dhinimic stoic éisc agus ar idirghníomhaíochtaí i lochanna an iarthair.

D'fhéadfadh baint na ngeallsealbhóirí áitiúla a iarraidh a bheith i gceist leis sin chun samplaí liús atá bailí go heolaíoch a sholáthar laistigh de raonta criticiúla méide a chuirfidh leis na samhlacha daonra a bheidh mar bhonn eolais do chlár bhainistíochta stoic. Seolfar aon chlár eolaíochta saoránach laistigh de pharaiméadair atá breá sainithe agus déanfaidh IIÉ torthaí agus samplaí a sheiceáil sula n-úsáidfear iad i samhlacha.

### 10.4 Bainistíocht Riosca

Is speiceas cairéil slatiascaireachta coitianta é an liús agus is minic a thugtar isteach iad anois i limistéir nua, go háirithe i ndobharlaigh bheaga (<50Ha). Tá sé seo ar cheann de na bagairtí

is suntasaí ar stoic éisc dhúchasacha, go háirithe sna dobharlaigh bheaga. Ní bhíonn liús agus breac donn ag cómhaireachtáil i lochanna níos lú, mar sin fágann a dtabhairt isteach in uiscí neamhchoilínithe roimhe seo go bhféadfadh an breac sna córais sin dul in éag mura féidir dianbhainistíocht agus baint an liúis a bhaint amach.

Tá sé molta sa taighde atá ann cheana gur féidir stoic salmainidí a nochtadh do leibhéil athraitheacha riosca maidir le creachóireacht bunaithe ar shaintréithe fisiceacha an dobharlaigh ina gcónaíonn siad. Bíonn tionchar ag fachtóirí amhail méid dobharlaigh, próifílí doimhneachta, castacht agus nascacht ar nochtadh na salmainidí don chreachóireacht, go háirithe ag an liús. Ba cheart saintréithe ábhartha gach locha a mheas ionas gur féidir mairís riosca a thiomsú. Is féidir é seo, i gcomhar le sonraí stoic éisc, a úsáid ansin chun bonn eolais a chur faoi leibhéal na bainistíochta stoic a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil do gach loch.

### **10.5 Cláir Thaighde um Maolú ar Athrú Aeráide**

Tá sonraí á mbailiú ag IIE faoi láthair in 12 dhobharcheantar innéacs, rud a chabhróidh le faireachán agus réamhthuar a dhéanamh ar thionchair dóchúla an athraithe aeráide ar uiscí dromchla na hÉireann. Bhí na naoi ndobharcheantar tosaigh a roghnaíodh gar do dhobharcheantair nádúrtha agus in 2021 cuireadh trí dhobharcheantar dhraenáilte bhreise leis an gclár trí thionscadal comhoibríoch le OOP. Dhá cheann de na trí dhobharcheantar draenáilte is ea an Eithne agus an Mhuaidh a ghabhann lochanna thiar Síleann, Con agus Cuilinn. Tá bonneagar suntasach faireacháin curtha isteach i Loch Síleann (m.sh. teocht faireacháin baoithe i bhfoirm sonraí fíor-ama, ocsaigin tuaslagtha agus clóraifill a) agus tá pleananna ann an bonneagar sin a chomhlánú le hionstraimí núíosacha faireacháin sna fhíor-ama in dhá abhainn a shreabhann isteach ann in earrach 2023. Má éiríonn leo sin d'fhéadfaí iad a leathadh amach chuig dhobharcheantair locha eile an iarthair le haghaidh úsáid oibríochtúil. Tabharfar léargas do bhainisteoirí leis an taighde sin i ndáil le gníomhartha féideartha a d'fhéadfadh cabhrú le hathléimneacht a fhorbairt i ndobharcheantair agus i speicis araon.

## 11. Amlínte

Tá na gníomhartha a theastaíonn chun gach ceann de chuspóirí Ardleibhéal an phlean seo a bhaint amach liostaithe i dtábla 11.1 thíos mar aon leis na hamlínte do sheachadadh na ngníomhartha. Braitheann na hamlínte seo ar acmhainní cuí a sholáthar chun na gníomhartha a chur i gcrích. Mura bhfuil acmhainní leordhóthanacha á n-úsáid i seachadadh na ngníomhartha, d'fhéadfadh sé nach dtarlófar a seachadadh nó go gcuirfear moill air.

CAL 1.	Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara	Tús	Deireadh
	<u>Gníomh 1.1:</u> Sceideal cumarsáide a bhunú le grúpaí dobharcheantair, cónaidhmeanna, Clubanna, iontaobhas agus comhlachas atá ann cheana chun cúnamh a thabhairt le cur chun cinn na gcomhspricanna bainistíochta dobharcheantair.	2023	Athbhreithniú de dhíth tar éis 5 bliana
	<u>Gníomh 1.2:</u> I gcás nach bhfuil a leithéid de ghrúpaí bunaithe go fóill, dul i dteagmháil le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara agus le húdaráis ábhartha maidir le cosaint, forbairt agus caomhnú a ndobharcheantar locha agus abhann trí níos mó Comhlachas Bainistíochta Dobharcheantair a bhunú le haghaidh Lochanna an Iarthair.	2023	Athbhreithniú de dhíth tar éis 5 bliana
	<u>Gníomh 1.3:</u> Feabhas a chur ar shásraí agus líonraí cumarsáide idir IÍÉ, grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí feirmeoireachta, institiúidí acadúla, pobail áitiúla agus grúpaí dobharcheantair.	2023	Ar bun faoi láthair
CAL 2	Gníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlacht		
	<u>Gníomh 2.1:</u> Fachtóirí soláimhsithe a shainnithint a chuideoidh le hathléimneacht aeráide gnáthóg agus speiceas íogair.	Tús curtha leis	Le deimhniú
	<u>Gníomh 2.2:</u> An coillearnach atá ann cheana a chothabháil mar a dtarlaíonn sé, agus bunú criosanna maolánacha uisceacha suntasacha a chur chun cinn chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus chun teochtaí arda agus rith chun srutha cothaitheach/dríodair a fheabhsú.	Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth tar éis 5 bliana Le deimhniú
	<u>Gníomh 2.3:</u> Samhlacha líonra spásúil a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi phlandú straitéiseach coillearnach dúchasach chun iarmhairtí teochtaí ardaithe uisce agus minicíocht agus déine mhéadaithe triomach agus tuilte a mhaolú.	Le deimhniú	
CAL 3.	Cáilíocht an Uisce		

<p><u>Gníomh 3.1:</u> Cumhachtaí reachtúla reatha lascach Intíre Éireann a fheabhsú trí oifigigh a údarú chun forálacha ábhartha na Rialachán um Ghnáthóga a fhorfheidhmiú.</p> <p><u>Gníomh 3.2:</u> Feabhas a chur ar acmhainneacht IIÉ cionta um cháilíocht an uisce a bhrath agus a fhorfheidhmiú trí gach teicneolaíocht dá bhfuil ar fáil a úsáid agus méadú a chur ar líon na nOifigeach Comhshaoil lascaigh a oibríonn i ndobharcheantair lochanna an Iarthair.</p> <p><u>Gníomh 3.3:</u> Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag cur le caidrimh oibre le príomhúdaráis chomhshaoil i ndobharcheantair locha an Iarthair ionas go roinntear faisnéis go héifeachtach agus go mbainfear amach éifeachtúlachtaí méadaithe, maidir le forfheidhmiú comhshaoil.</p> <p>Gníomh 3.4: Eolas agus cúnaimh a sholáthar maidir le dobharcheantair íogaire cothaitheach a ainmniú agus limistéir le haghaidh gnímh.</p>		2023	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana
		2023	2028
		Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana
		Ar bun faoi láthair	2028
<b>CAL 4</b>	<b>Speicis Ionracha</b>		
<p><u>Gníomh 4.1:</u> Speicis ionracha ardriosca a bhaint agus/nó a bhainistiú trí chláir straitéiseacha um bainistiú stoic agus um bainistiú fiailí.</p> <p><u>Gníomh 4.2:</u> Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta chun an pobal a chur ar an eolas faoi speicis ionracha a d'fhéadfadh a bheith díobhálach i lochanna an Iarthair agus sna dobharcheantair níos leithne.</p> <p><u>Gníomh 4.3:</u> Comhairle agus acmhainní bithshlándála a sholáthar do ghrúpaí geallsealbhóirí chun leathadh speiceas ionrach i lochanna an Iarthair a chosc.</p> <p><u>Gníomh 4.4:</u> Grúpaí geallsealbhóirí ábhartha a spreagadh chun páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí caomhnaithe, lena n-áirítear bainistiú speiceas ionrach.</p> <p><u>Gníomh 4.5:</u> Feabhas a chur ar an reachtaíocht agus pionóis a mhéadú as éisc bheo a aistriú</p>		Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana
		Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana
		Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana
		2023	
<b>CAL 5</b>	<b>Bainistiú Stoic</b>		

<p><b>Gníomh 5.1:</b> Pleananna bainistíochta stoic a tháirgeadh ar bhonn bliantúil, agus ar bhonn na gceantar abhantraigh áitiúil chun iarmhairtí ar shalmainidí ó phobail eile éisc a laghdú.</p> <p><b>Gníomh 5.2:</b> Pleananna bainistithe stoic a athrú de réir mar a dhéantar samhlacha daonra ar gach ceann de na lochanna a bheachtú.</p> <p><b>Gníomh 5.3:</b> Cur ar chumas do ghrúpaí áitiúla geallsealbhóirí rannchur le samhaltú pobail agus le cláir thaighde lena n-áirítear suirbhéanna cléibhe (trí eolaíocht saoránach).</p> <p><b>Gníomh 5.4:</b> Maitrís riosca a fhorbairt le haghaidh bhradán agus bhreac an Atlantaigh a bheidh bunaithe ar shaintréithe fisiceacha gach dobharlaigh agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo siúd mar scrogaill chreachóireachta agus mharthanais.</p>		Tús curtha leis	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana  Le deimhniú  Le deimhniú
<b>CAL 6</b>	<b>Athchóiriú Gnáthóg</b>		
<p><b>Gníomh 6.1:</b> Aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh ghnáthóg salmainidí i ndobharcheantair lochanna an iarthair trí thionscadail athchóirithe spriocdhírithe.</p> <p><b>Gníomh 6.2:</b> Próisis riaracháin a chuíchóiriú chun tionscadail athchóirithe gnáthóg a chur i gcrích trí phróisis phleanála leis an éifeachtúlacht uasta.</p> <p><b>Gníomh 6.3:</b> A áirithiú go bhfuil gach próiseas cosanta comhshaoil ábhartha i bhfeidhm chun damáiste do speicis agus do ghnáthóga íogaire eile a sheachaint.</p>		Ar siúl i Loch Coirib, Loch Measca, Loch Cara, Loch Síleann agus Loch Con. Tús curtha leis  Ar bun faoi láthair	Athbhreithniú de dhíth gach 5 bliana  2023  Ar bun faoi láthair
<b>HLO 7</b>	<b>Taighde</b>		

<p>Gníomh 7.1: Leanúint ar aghaidh le cláir faireacháin stoic éisc nua agus atá ann cheana féin a fhorbairt (m.sh. WFD) chun na sonraí riachtanacha a chur ar fáil le haghaidh samhlaigh pobail éisc do lochanna an iarthair.</p>	<p>2022</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p>
<p>Gníomh 7.2: Gach foinse sonraí atá ar fáil a úsáid, lena n-áirítear suirbhéanna WFD, bainistíocht stoic, agus tuairisceáin slatiascaireachta i gcás inarb iomchuí, le cur isteach ar shamhlaigh pobail éisc do lochanna an iarthair.</p>	<p>Tús curtha leis</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p>
<p>Gníomh 7.3: Leanúint ar aghaidh le taighde um thionchar an athraithe aeráide faoi chlár taighde reatha (CCMRP) chun cuidiú le hathléimneacht a fheabhsú i ndobharcheantair agus i speicis.</p>	<p>Tús curtha leis</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p>
<p><u>Gníomh 7.4:</u> Leanúint ar aghaidh Beartas Taighde IIÉ um Breac Donn a fhorbairt, le moltaí maidir le caomhnú gach fospeicis amach anseo</p>	<p>Tús curtha leis</p>	<p>Ar bun faoi láthair</p>



## 12. Tagairtí

---

Kennedy RJ, Rosell R, Millane M, Doherty D, Allen M. (2018). Migration and survival of Atlantic salmon (*Salmo salar*) smolts in a large natural lake. *J Fish Biol.* 2018;93:134–137. <https://doi.org/10.1111/jfb.13676>

McLoone, P., Fitzgerald, C., O' Reilly, S., Shephard, S. agus Kelly, F.L. (2018) Pike (*Esox lucius*) in Ireland: Developing Knowledge and Tools to Support Policy and Management. An Clár Suirbhéireachta um Thaighde Náisiúnta, Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. (2007 & 2019): # 965(Predation) The Status of EU protected Habitats and species in Ireland. *Article 17 Report* <https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/Art17-Vol1-web.pdf>

**Inland Fisheries Ireland  
3044 Lake Drive,  
Citywest Business Campus,  
Dublin 24,  
Ireland.  
D24 CK66**

**[www.fisheriesireland.ie](http://www.fisheriesireland.ie)  
[info@fisheriesireland.ie](mailto:info@fisheriesireland.ie)**

**+353 1 8842 600**

